Tuarascáil Bhliantúil
An Choimisiúin um Oifigí Poiblí 2001

An Coimisiún um Oifigí Poiblí,
18 Sráid Líosan Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6395666 Facs: (01) 6395684
ríomhphost: sipo@ombudsman.gov.ie
láithreán gréasáin: www.sipo.ie

ISBN: 0-7557-1320-6
ISSN: 1393-9963

Praghas: €6.00

PN: 11331

Brollach

Déanaim leis seo Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Oifigí Poiblí don bhliain 2001 a thíolacadh don Aire Airgeadais de bhun fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Kevin Murphy
Cathaoirleach
An Coimisiún um Oifigí Poiblí

Meitheamh 2002

Clár

Réamhrá **2**

Cuid 1 - Athbhreithniú (1995 - 2001) **4**

Cuid 2 - An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (an tAcht Eitice) **7**

- Scóip an Achta 8
- Freagracht Speisialta Airí agus Airí Stáit 8
- Sainmhíniú ar “cara” 8
- Sainmhíniú ar “duine bainteach” 9
- Im scrúdú ar shárú líomhnaithe ag sealbhóir oifige 9

Cuid 3 - An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (an tAcht Caighdeán) **12**

Cuid 4 - Na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2001 (na hAchtanna Toghcháin) **15**

- Corrthoghchán Dála an 30 Meitheamh 2001 do Thiobraid Árann Theas 16
- Síntiúis arna nochtadh ag TD-anna, ag Seanadóirí agus ag CPE-anna sa bhliain 2001 18
- Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta sa bhliain 2001 19
- Maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta 21
- Ceanglais maidir le nochtadh i gcás earnálacha áirithe síntiúsóirí 23
- Corrthoghchán Seanaid 23
- An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001 23
- An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001 27
- Gearán i gcoinne an Teachta Jim Mitchell 28
- Ullmhúchán don Olltoghchán Dála 29

Cuid 5 - Costais sa bhliain 2001 **31**

Réamhrá

Réamhrá

Is í seo an tuarascáil deiridh ón gCoimisiún um Oifigí Poiblí (an Coimisiún) a bunaíodh i mí na Samhna 1995 agus, amhail ón 10 Nollaig 2001, ar ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a áit. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún atá freagrach as an tuarascáil seo:

Mr. Kevin Murphy, Ombudsman (Cathaoirleach),

Mr. John Purcell, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

Mr. Séamus Pattison, TD, Cathaoirleach Dháil Éireann,

Mr. Kieran Coughlan, Cléireach Dháil Éireann,

Ms. Deirdre Lane, Cléireach Sheanad Éireann.

Ó tharla gur tuarascáil deiridh í, déantar athbhreithniú inti, i gCuid 1, ar fhorbairtí a tharla i rith na tréimhse ó 1995 go 2001. Déileálann Cuid 2 den tuarascáil le cuid de na saincheisteanna a tháinig chun cinn thar na blianta i ndáil le ról maoirseachta an Choimisiúin faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (an tAcht Eitice), lena n-áirítear cuntas ar imscrúdú foirmiúil a thionscain an Coimisiún i mí Feabhra 2001 agus a cuireadh i gcrích nuair a eisíodh tuarascáil faoin imscrúdú i mí na Nollag 2001.

I gCuid 3 den tuarascáil tugtar achoimre ar na príomhghnéithe den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (an tAcht Caighdeán), a tháinig i bhfeidhm mar dhlí ar an 10 Nollaig 2001.

Déantar cur síos i gCuid 4 ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin sa bhliain 2001 faoi na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2001 (na hAchtanna Toghcháin). Áirítear sna hábhair atá i gceist ná an corrthoghchán Dála i Meitheamh 2001 do Thiobraid Árann Theas, síntiúis arna nochtadh ag TD-anna, ag Seanadóirí, ag CPE-anna agus ag páirtithe polaitíochta faoi na hAchtanna Toghcháin sa bhliain 2001, maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta faoi na hAchtanna Toghcháin agus Scéim na Liúntas do Cheannairí Páirtí, agus nithe eile.

Soláthraítear sonraí i gCuid 5 faoi chostais a thabhaigh an Coimisiún sa bhliain 2001.

Is mian leis an gCoimisiún, sa tuarascáil deiridh seo uaidh, a bhuíochas a thaifeadadh i leith na hoibre a rinne an t-iar Cheann Comhairle, Seán Treacy, thar a cheann; ba é a bhí ina chéad Chathaoirleach ar an gCoimisiún agus d'fhóin sé sa cháil sin ón mbliain 1995 go dtí gur éirigh sé as oifig sa bhliain 1997. Is mian leis an gCoimisiún a bhuíochas a chur in iúl freisin do Shéamus Pattison TD, Ceann Comhairle an 28ú Dáil, a bhí ina chomhalta den Choimisiún ó Mheitheamh 1997 go mí na Nollag 2001 nuair a ghlac an Coimisiún Caighdeán áit an Choimisiúin. Ní bheidh an Ceann Comhairle ina chomhalta den Choimisiún Caighdeán.

Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil le Rúnaí an Choimisiúin, Brian Allen, agus lena fhoireann as a dtiomantas agus as a ndianobair fad a mhair an Coimisiún. Mar fhocal scoir, is mian leis an gCoimisiún gach rath a ghuí ar a chomharba, an Coimisiún Caighdeán, faoi Chathaoirleacht an Bhreithimh Onóraigh Justice Matthew P. Smith.

Cuid 1

Athbhreithniú (1995 - 2001)

Athbhreithniú (1995 - 2001)

Ba ócáid an-tábhachtach é achtú an Achta Eitice i mí Iúil 1995 mar gur tugadh isteach, den chéad uair, oibleagáidí reachtúla maidir le nochtadh leasanna ag sealbhóirí oifige, ag comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann agus ag earnálacha áirithe daoine sa tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear an státseirbhís. Leagtar amach san Acht Eitice freisin caighdeáin atá le hurramú le linn feidhmeanna seirbhíse poiblí a chomhlíonadh agus bearta chun déileáil le coimhlintí leasanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Tríd is tríd, ba ghné thábhachtach é de ghníomhaíocht reachtach an Oireachtais i lár na 1990-idí i leith éilimh ón bpobal maidir le trédhearcacht sa saol poiblí.

Bhí prionsabail chomhchosúla na hoscailteachta agus na cuntasachta i gceist nuair a ritheadh an tAcht Toghcháin i lár na bliana 1997, agus reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin; díríodh sa reachtaíocht sin ar na gaolmhaireachtaí idir páirtithe polaitíochta agus polaiteoirí ar leithligh, ar thaobh amháin, agus idir páirtithe polaitíochta agus a luch tacaíochta, ar an taobh eile, i gcás inarb é atá sa tacaíocht sin ná síntiúis airgid, maoine, earraí nó seirbhísí. Déantar iarracht leis na hAchtanna Toghcháin freisin cothroime a bhaint amach sa phróiseas toghcháin trí theorainn a chur le caiteachas toghcháin agus, d'fhonn chabhair a thabhairt i leith páirteachais mhéadaithe ag iarrthóirí, trí shocrú a dhéanamh maidir leis an Státchiste d'aisíoc chuid dá gcaiteachas toghcháin i gcás coinníollacha áirithe a bheith comhlíonta. I gcás dlínsí eile ina bhfuil teorainneacha ar chaiteachas toghcháin i bhfeidhm ar feadh tréimhse i bhfad níos faide, meastar go bhfuil na teorainneacha sin agus maoirsiú na dteorainneacha sin an-tábhachtach sa chomhrac i gcoinne éillithe. I gcás nach ndéantar rialú ar chaiteachas i dtoghchán beidh an chontúirt ann i gcónaí go nglacfaidh an gá le méideanna móra airgid a bhailiú chun feachtais a reáchtáil tús áite ar nithe eile lena n-áirítear ábhar imní faoi fhoinse an airgid nó faoi ionchais na ndaoine a sholáthraíonn an t-airgead. Leagtar béim sna hAchtanna Toghcháin ar scrúdú poiblí a éascú i dtaca le síntiúis pholaitíochta agus caiteachas toghcháin agus, i gcás nach ndéantar nochtadh iomlán, is feidir ionchúiseamh a dhéanamh sna cúirteanna i leith cionta. Tá maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta ceaptha chun cabhair a thabhairt maidir le struchtúir riaracháin a fhorbairt ag leibhéal páirtí agus chun taighde, oideachas, oiliúint agus foirmiú polasaí a chur chun cinn. Sainchuspóir eile de chuid an mhaoinithe is ea páirteachas i ngníomhaíochtaí polaitíochta ag mná agus ag daoine óga a chur chun cinn.

Ó 1995 i leith, faoi chathaoirleacht Seán Treacy ar dtús, a bhí ina TD agus ina Cheann Comhairle an tráth sin, agus, ó 1997, faoi chathaoirleacht Kevin Murphy, Ombudsman, bhí ról lárnach ag an gCoimisiún maidir le feasacht ar an Acht Eitice agus ar na hAchtanna Toghcháin a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus, freisin, maidir le maoirsiú a dhéanamh ar an reachtaíocht i ndáil leo siúd a thagann faoina réim. Sampla de sin is ea treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt faoin Acht Eitice d'Airí, dá gcomhairleoirí agus do líon mór seirbhíseach poiblí eile maidir leis na bearta atá le déanamh acu lena cabhrú go gcomhlíontar an reachtaíocht. Tá comhlíonadh déanta ag an gCoimisiún freisin ar na ceanglais den Acht Eitice a bhaineann le nochtadh agus, ag deireadh na bliana 2001, bhí os cionn 4,000 ráiteas leasanna ina sheilbh. Tá roinnt fiosrúchán déanta ag an gCoimisiún faoin Acht Eitice ón mbliain 1995 i leith ar fiosrúcháin iad a rinneadh de bhun gearán nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin. Sa bhliain 2001, chríochnaigh an Coimisiún a chéad imscrúdú foirmiúil a dtugtar miontuairisc air níos déanaí sa tuarascáil seo.

Ina theannta sin tá treoirlínte eisithe ag an gCoimisiún, agus tá comhairle tugtha aige, i ndáil leis na hAchtanna Toghcháin. Tosaíodh maoirsiú na reachtaíochta seo le nochtadh síntiús ag iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghcháin na Dála agus an tSeanaid sa bhliain 1997 agus le nochtadh ag iarrthóirí sa toghcháin uachtaráin an bhliain chéanna. Tugadh isteach teorainneacha ar chaiteachas toghcháin sa bhliain 1998 agus bhí feidhm ag na teorainneacha sin sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 1999 agus sna sé chorrthoghchán Dála a bhí ann ó 1997 i leith. Le héifeacht ón mbliain 1998, ceanglaítear leis an reachtaíocht freisin ar TD-anna, ar Sheanadóirí, ar CPE-anna agus ar pháirtithe polaitíochta síntiúis a fhaigheann siad a nochtadh in aghaidh na bliana agus ní mór sonraí ina leith sin a fhoilsiú.

Bhain an Coimisiún leas as a chuid tuarascálacha bliantúla, a tíolacadh don Aire Airgeadais gach bliain ón mbliain 1996, chun aird a tharraingt ar nithe ar dhíol spéise iad agus chun a thuairim mheasta a chur in iúl i dtaca le réimsí áirithe. Áirítear an méid seo a leanas i measc na nithe a ardaíodh sa tslí sin agus atá ábhartha don Acht Eitice: bronntanais arna dtabhairt do shealbhóirí oifige (1998), na cúinsí inar éirigh comhairleoir speisialta as oifig agus na himpleachtaí a ghabh leis sin (1999), easpa sainmhínithe reachtúil ar 'cara' agus sriantachtaí an tsainmhínithe ar

(1999) agus na freagrachtaí speisialta a ghabhann le hiompar aire (2000). I dtaca leis na hAchtanna Toghcháin de, áirítear an méid seo a leanas i measc na nithe ar déileáladh leo: íocaíochtaí "pick me up" a fhaigheann páirtithe polaitíochta a nochtadh (1998), síntiúis a thugann comhaltaí agus comhpháirtithe de chuid páirtithe polaitíochta don pháirtí (1999), maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta cónasctha (1999), síntiúis ó áiteanna lasmuigh den Stát (1999), úsáid saoráidí Oireachtais "saor in aisce" chun críoch polaitíochta (2000) agus an dáta óna bhfuil feidhm ag teorainneacha ar chaiteachas toghcháin (2000).

Ag deireadh na bliana 1998 chuaigh beirt chomhalta den Choimisiún (an Cathaoirleach agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) os comhair an Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí nuair a bhí breithniú a dhéanamh ag an gCoiste sin ar thograí le haghaidh Bille um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tharraing na comhaltaí den Choimisiún aird an Choiste ar chuid mhór gnéithe den Acht Eitice a rachadh leasú orthu chun tairbhe dóibh, dar leo. Nocht siad an tuairim láidir gur cheart athrú a dhéanamh ar chomhaltas an Choimisiúin go háirithe ó tharla nach bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfadh comhaltaí na haimsire sin, a raibh poist lánaimseartha eile acu, imscrúduithe de chineál binse a sheoladh mar ghnáthfheidhm de chuid an Choimisiúin. Moladh go mbeadh sé oiriúnach breitheamh den Ard-Chúirt, cibé acu breitheamh a bheadh ag fónamh nó iarbhreitheamh, a cheapadh mar Chathaoirleach de bharr an cosúlacht go mbeadh fiosrúcháin fhoirmiúla le déanamh mar ghné de obair an Choimisiúin. Chomh maith leis sin, rinne na comhaltaí den Choimisiúin, le toiliú an Cheann Comhairle, staid íogaireach agus staid measartha aimhrialta an Cheann Comhairle ina cháil mar chomhalta den Choimisiún a ardú. Mhol siad freisin gur ceart go leanfadh na sealbhóirí oifige neamhspleácha, ar nós an Ombudsman agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, de bheith ina gcomhaltaí ex-officio d'aon Choimisiún nua. Rinne na comhaltaí den Choimisiún moladh tábhachtach eile, is é sin le rá, gur ceart go mbeadh Cóid Iompair ann, mar ghné chomhlántach den reachtach, ar Cóid Iompair iad ina leagfaí amach na caighdeáin a mbeifí ag súil ina leith go gcomhlíonfadh daoine sa saol poiblí iad.

Tar éis don Rialtas agus don dá Theach den Oireachtas, lena n-áirítear trí Choiste Oireachtais, breithniú mion a dhéanamh ar feadh trí bliana tháinig an tAcht Caighdeán i bhfeidhm mar dhlí i mí na Nollag 2001. Tá cuid mhór de thuairimí an Choimisiúin, lena n-áirítear struchtúr an Choimisiúin féin agus an gá le sásra fiosrúcháin nach mbeadh an Coimisiún ar fad páirteach ann, curtha san áireamh san Acht Caighdeán agus tá forálacha ann freisin lena gceanglaítear cóid iompair a tharraingt suas. Tá áit Choimisiún ex-officio an Achta Eitice ina raibh cúigear comhalta glactha ag Coimisiún ina bhfuil seisear comhalta (ceathrar ex-officio agus iarchomhalta amháin de Dháil Éireann) agus ar a bhfuil Cathaoirleach buan ar Breitheamh den Ard-Chúirt é nó í agus a gceapfaidh an tUachtarán é nó í ar chomhairle an Rialtais tar éis rúin a bheith rite ag gach Teach den Oireachtas chun an ceapachán a mholadh.

Bhí sé ar intinn ag an gCoimisiún go gcumasódh Cóid Iompair prionsabail a leagan síos, is é sin le rá, na prionsabail is ceart a bheith mar phrionsabail rialaithe i gcás iompair daoine sa saol poiblí ach ar prionsabail iad nach féidir a léiriú go cuí i reachtaíocht. Is é an ceann is tábhachtaí díobh, ar ndóigh, ná nach ceart oifig phoiblí a úsáid riamh le haghaidh gnóchain phríobháidigh nó buntáiste phearsanta. Fáiltíonn an Coimisiún roimh alt 10 den Acht Caighdeán lena gceanglaítear Cóid Iompair ar leithligh a tharraingt suas do chomhaltaí an dá Theach den Oireachtas, d'Airí agus do shealbhóirí oifige eile, do státseirbhísigh agus do sheirbhísigh phoiblí eile agus do stiúrthóirí comhlachtaí stáit. Tá súil ag an gCoimisiún nach gcaillfear a deis atá ann chun prionsabail ionraicis a leagan amach agus chun caighdeáin iompair a leagan síos agus gurb é a tharlóidh de thoradh cloí leis na prionsabail agus na caighdeáin sin, agus leis an reachtaíocht, ná go gcuirfear deireadh leis an tuairim atá ann faoi láthair i measc an phobail i gcoitinne i ndáil le mímhoráltacht agus le héilliú. Tá sé tábhachtach a chuimhneamh i gcónaí go bhfuil caighdeáin eiticiúla, ó thaobh an Rialtais agus gnó phríobháidigh araon, á gcur san aireamh níos minice ná riamh le linn cinntí a bheith á ndéanamh ag cuideachtaí coigríche maidir le hinfheistíocht sa tír seo. Beidh Cóid Iompair inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse nó os comhair Coiste Leasanna Comhaltaí nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Ar leith ó na feidhmeanna nua a bheidh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin de thoradh na n-athruithe sin agus athruithe eile, bhí tionscnaimh reachtacha eile ann le linn 2001 trína leathnófar ról an Choimisiúin, eadhon:

(1) *an tAcht Toghcháin (Leasú), 2001, lena dtoirmisctear síntiúis choigríche a ghlacadh, le ndéantar socrú maidir le teorainneacha ar luach na síntiús a fhéadfaidh páirtithe polaitíochta agus parlaimintigh a fháil, lena dtugtar isteach ceanglas maidir cuntais síntiús polaitíochta a oscailt agus lena ndéantar socrú maidir le clárú brú-ghrúpaí, agus*

(2) *an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001, lena ndéantar socrú maidir le bonn nua reachtúil le haghaidh íoc liúntais bhliantúil le ceannairí páirtithe polaitíochta chun caiteachais a ghlanadh a éiríonn as gníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí. Leis an Acht seo, tugtar ról maoirseachta don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil le caitheamh an liúntais.*

Tá sé ró-luath iarracht a dhéanamh measúnú a dhéanamh ar thionchar dóchúil na bhforbairtí sin a tharla le déanaí. Ach, i gcás an Achta Caighdeán, is léir go bhfuil fócas na reachtaíochta leathnaithe go mór ó staid inarbh iad na príomhghnéithe ná nochtadh leasanna agus tuairisciú coimhlintí leasa ionchasacha go staid níos forordaithí ina n-áirítear deimhniú imréitigh cánach do dhaoine a cheaptar chun post seirbhíse poiblí agus urramú Cód Iompair. Tá sé leagtha amach go soiléir sa dlí anois nach bhfuil iompar áirithe inghlactha i gcás daoine a ghabhann d'oifig phoiblí a fheidhmiú. Tá an líon mór ceanglas nua de chuid na nAchtanna Toghcháin ceaptha lena chinntiú go mbeidh trédhearcacht, cothroime agus cuntasacht níos mó ann i dtaca le maoiniú polaitíochta agus is céim thábhachtach bhreise iad maidir le muinín an phobail in institiúidí an Stáit a neartú.

Cuid 2

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (An tAcht Eitice)

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (An tAcht Eitice)

Ba é ról an Choimisiúin faoin Acht Eitice, maoirseacht a dhéanamh ar an reachtaíocht a mhéid a bhaineann sí le sealbhóirí oifige, le hArd-Aighne nach raibh ina chomhalta den Dáil nó den Seanad, le comhairleoirí speisialta Airí, le stiúrthóirí agus feidhmeannaigh ainmnithe de chuid comhlachtaí poiblí agus le státseirbhísigh áirithe; treoir agus comhairle a thabhairt maidir le hinfheidhmeacht an Achta agus, nuair a measadh gur ghá, imscrúduithe a dhéanamh faoi sháruithe ionchasacha ar an Acht.

Scóip an Achta

Tá feidhm dhíreach ag an Acht Eitice maidir le comhaltaí de Thithe an Oireachtais, maidir le sealbhóirí oifige ainmnithe agus maidir le comhairleoirí speisialta Airí. Ach níl feidhm aige le státseirbhísigh agus le stiúrthóirí agus feidhmeannaigh ainmnithe de chuid comhlachtaí san earnáil stát-tionscanta ach amháin i gcás ina ndéanann an tAire Airgeadais ainmniúchán sonrach, ag gníomhú dó nó di faoi alt 3 den Acht Eitice. Ón mbliain 1997, tráth ar cuireadh na hainmniúcháin i bhfeidhm, tharla athruithe, nach raibh a leithéid ann roimhe i dtaca le líon agus cineál de, san earnáil stát-tionscanta. Bunaíodh cuid mhór comhlachtaí poiblí nua ó 1997 i leith, rinneadh cuid mhór eile a phríobháidiú, a dhíol, a chónascadh nó a athainmniú agus bhí fadhbanna oibríochta ann de bharr na n-athruithe sin. Mar shampla, i gcás ina ndíoltar comhlacht stát-tionscanta ina iomláine, bíonn ceist ann i dtaobh cén áit a bhfuil an fhreagracht as slánchoimeád ráiteas leasanna a chuid stiúrthóirí agus feidhmeannach; is feidir leis an gCoimisiún Caighdeán na ráitis sin a iarraidh faoi reacht suas go cúig bliana déag ón dáta a thugtar don chomhlacht iad den chéad uair faoin Acht Eitice. Ina theannta sin, tá méid áirithe athruithe corparáideacha tar éis tarlú sa mhéid go bhfuil athchóiriú déanta ar theidil post áirithe, rud a fhearann ar ainmniú post. Is é an éifeacht charnach atá leis sin ná go bhfuil laghdú tagtha ar líon na gcomhlachtaí agus na bpost a thagann faoi réim an Achta Eitice agus go bhfuil sé faighte amach ag an gCoimisiún nach bhfuil ainmniú déanta i gcás roinnt post ba cheart a bheith faoina chúram. Tá deimhniú faighte ag an gCoimisiún go bhfuil aird á tabhairt do na nithe seo sa Roinn Airgeadais agus go réiteofar iad go sásúil chomh tapa agus is féidir.

Freagracht speisialta Airí agus Airí Stáit

Rinne an Coimisiún tagairt ina thuarascáil don bhliain 2000 do nádúr oifige aireachta. Is léir go bhfuil cumhacht agus tionchar mór ag Airí agus go bhfuil an prionsabal a deir nach ceart leas a bhaint as oifig phoiblí le haghaidh buntáiste phríobháidigh oiriúnach i gcás Airí ach go háirithe. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfadh Airí agus Airí Stáit caighdeán an-ard a thaispeáint i dtaca le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Acht Eitice.
Tugtar aitheantas san Acht Eitice dá staid speisialta agus déantar socrú ann maidir le leibhéal breise le haghaidh nochtadh, is é sin le rá, leibhéal níos airde ná mar a bhaineann le gnáthchomhaltaí de Thithe an Oireachtais. Chomh maith le leasanna a chlárú agus aon leas in ábhar na n-imeachtaí a dhearbhú roimh labhairt nó vótáil sna Tithe, ní mór d'Aire nó d'Aire Stáit freisin aon leas de chuid céile nó linbh a nochtadh a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar an Aire nó ar an Aire Stáit le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ní mór dóibh ráiteas a sholáthar ar na fíorais más rud é go bhfuil leas ag duine atá bainteach leo, cibé acu trí ghaolmhaireacht teaghlaigh nó i ngaolmhaireacht ghnó nó iontaobhais, i bhfeidhm oifigiúil a bheartaíonn siad a chomhlíonadh. Is é an moladh a dhéanfadh an Coimisiún ná, tráth a cheaptha nó a ceaptha mar Aire nó Aire Stáit, gur ceart don té atá le ceapadh breithniú dáiríre a dhéanamh i leith na féidearthachta go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ann am éigin agus i leith dearbhú saorálach leasanna a dhéanamh fiú amháin mura bhfuil a leithéid forordaithe san Acht Eitice.

Ní mór d'Aire, nó d'Aire Stáit freisin, aon bhronntanas a fhaightear de bhua oifige agus ar mó a luach ná €650 a thabhairt suas don Stát. Bítear ag súil go gcloífidh sé nó sí leis an bprionsabal bunúsach nach ceart glacadh le tairiscint bronntanas nó seirbhísí nó féile más rud é go bhfágfaí faoi oibleagáid é nó í dá bharr sin nó go mbeadh an chuma ar an scéal go mbeadh sé nó sí faoi oibleagáid amhlaidh.

Sainmhíniú ar "cara"

Chun déileáil le bronntanais d'Airí agus d'Airí Stáit, agus do shealbhóirí oifige áirithe eile, déantar socrú leis an Acht Eitice maidir le díolúine ó nochtadh nó tabhairt suas ionchasach don Stát (nó ó aisíoc cuí a thabhairt) ag an

bhfaighteoir i gcás an bronntóir a bheith ina “gaol” nó ina “cara” de chuid an tsealbhóra oifige. Luaitear an díolúine athuair sna treoirlínte do shealbhóirí oifige atá foilsithe ag an Rialtas agus tá feidhm aici freisin, i dtaca le nochtadh, maidir le hearnálacha eile daoine lena n-áirítear comhaltaí de Thithe an Oireachtais a thagann faoi réim an tAcht Eitice. Is ceist shimplí í de ghnáth an bhfuil nó nach bhfuil daoine ina ngaolta. Tá sé i bhfad níos deacra, áfach, cinneadh a dhéanamh i dtaobh cad a chiallaíonn cara. Le linn scrúdú a dhéanamh ar ghearáin thar na blianta tá sé faighte amach ag an gCoimisiún go raibh easpa sainmhínithe oibre ar “cara” ina cúis le castacht le linn gearáin a mheasúnú. I mí na Nollag 1998 chuir na comhaltaí den Choimisiún a dtuairimí i dtaobh deacrachtaí sa réimse seo in iúl don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí a raibh dréacht-tograí maidir le Bille um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí curtha faoina bhráid lena mbreithniú. Is cúis díomá don Choimisiún, áfach, nár tugadh soiléiriú éigin ar an gceist seo san Acht nua Caighdeán agus is dóigh leis an gCoimisiún go mbeidh ar an gCoimisiún Caighdeán dul i ngleic leis an bhfadhb i gcónaí.

Aithníonn an Coimisiún an deacracht a bhaineann le hiarracht a dhéanamh sainmhíniú láidir a chumadh le haghaidh “cara” ach measann sé go bhféadfadh an fhadhb a shárú trí shainmhíniú a thabhairt, chun críocha an Achta Eitice, ar céard é nach cara. Is é tuairim an Choimisiúin i gcónaí nach ceart duine a dhéanann gnó leis an tseirbhís phoiblí, nó a d’fhéadfadh gnó a dhéanamh léi, a chur san áireamh sa téarma “cara”.

Mar mhalairt air sin, agus ag féachaint don tuairim nach ceart dochar a dhéanamh do chairdis bhuanseasmhacha ó tharla go nglacann páirtí amháin le hoifig phoiblí, ar tuairim í nach measann an Coimisiún a bheith áititheach ar fad, d’fhéadfaí breithniú a dhéanamh i dtaobh tairseach luacha níos airde a chur i bhfeidhm le linn déileáil le bronntanas ó chara ionas go mbeadh oibleagáid ann bronntanais shuntasacha a nochtadh.

Sainmhíniú ar "duine bainteach"

Tarraingíodh aird an Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí ar an ábhar seo freisin i mí na Nollag 1998 nuair a bhí na tograí le haghaidh Bille um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi bhreithniú. Úsáidtear an téarma “duine bainteach” san Acht Eitice chun déileáil le staideanna ina bhféadfadh sealbhóir oifige nó seirbhíseach poiblí, le linn cinneadh a dhéanamh nó feidhm a chomhlíonadh, a chur faoi deara go bhfabhródh tairbhe shonrach chucu féin agus/nó chuig duine atá bainteach leo. Meastar leis an tAcht Eitice gurb ionann é sin agus leas ábhartha i ní agus, i gcásanna den sórt sin, ní mór ráiteas a sholáthar ar fhíorais agus ar nádúr an leasa. De réir an tsainmhínithe atá ann faoi láthair, ciallaíonn duine bainteach gaol nó duine nó cuideachta a bhfuil gaolmhaireacht iontaobhais nó gaolmhaireacht ghnó fhoirmiúil ag sealbhóir oifige nó seirbhíseach poiblí leis nó léi.

De réir thaithí chomhaltaí an Choimisiúin, mhol siad gur ceart an sainmhíniú a leathnú chuig aon dine a thug bronntanas, nó a d’aontaigh bronntanas a thabhairt, ar chúiseanna pearsanta sna trí bliana nó mar sin roimhe sin nó a thug buntáiste, nó a d’aontaigh buntáiste a thabhairt, cibé acu buntáiste eacnamaíochta nó buntáiste de chineál eile, do shealbhóir oifige nó do sheirbhíseach poiblí a thagann faoi réim an Achta Eitice. Is cúis díomá don Choimisiún freisin nach ndearnadh aon athrú ina leith seo san Acht Caighdeán.

Im scrúdú ar shárú líomhnaithe ag sealbhóir oifige

Le linn na bliana 2001, rinne an Coimisiún imscrúdú lena fháil amach an raibh nó nach raibh sárú déanta ag an Teachta Ned O’Keeffe, iarAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe, ar an Acht Eitice. Líomhnaíodh sé shárú; seoladh éisteacht phoiblí Dé hAoine, an 23 Samhain 2001, agus bhí gach comhalta den Choimisiún i láthair.

I dteannta na n-aighneachtaí dlíthiúla, rinneadh fianaise ó sheachtar finné a ghlaoigh an Teachta agus ó bheirt fhinné a ghlaoigh an Coimisiún a chur i láthair trí cheistiú agus trí chroscheistiú ag Abhcóidí. Faoin Acht Eitice, ní mór don Choimisiún tuarascáil a ullmhú ina leagtar amach a chinntí i dtaobh ar tharla sárú ar an Acht Eitice. I gcás ina gcinneann sé gur tharla sárú, ní mór dó a chinneadh an bhfuil an sárú ag tarlú fós, an ndearnadh an sárú go neamhaireach, go meargánta nó go hintinneach, an sárú tromaí nó mionsárú a bhí ann, agus ar ghníomhaigh an duine de mheon macánta agus á chreidiúint go raibh sé nó sí ag comhlíonadh threoirlínte nó chomhairle an Choimisiúin.

Sheas an Coimisiún mar a leanas le dhá cheann de na sé shárú líomhnaithe:

1. Chinn an Coimisiún go ndearna an Teachta O'Keeffe, fad a bhí sé ina Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe, Cuid II den Acht Eitice a shárú mar a leanas:

- mhainnigh sé, faoi mar a cheanglaítear le halt 7 den Acht Eitice, roimh a óráid i nDáil Éireann ar an 29 Samhain 2000, nó linn na hóráide sin, leas ábhartha a dhearbhú ar leas é a bhí aige féin agus ag daoine bainteacha in ábhar na n-imeachtaí, is é sin le rá, Tairiscint lenar iarraidh, inter alia, reachtaíocht a thabhairt isteach chun cosc a chur le min feola agus cnámh a thabhairt mar bheatha do mhuca.

Cinneadh nach sárú leantach a bhí ann.

Mheas an Coimisiún nár shárú inntinneach é an sárú a bhí déanta ag an Teachta O'Keeffe ar alt 7. Thug an Coimisiún dá aire go ndearna an tAire Stáit O'Keeffe nochtadh iomlán i leith a leasanna inchláraithe agus nach raibh aon fhianaise ann go ndearna sé a chuid leasanna ábhartha (agus leasanna ábhartha daoine bainteacha) a cheilt d'aon turas d'fhonn buntáiste a ghnóthú dó féin nó do na daoine eile sin.

Ní thiocfadh leis an gCoimisiún, dá ainneoin sin, neamhshuim a dhéanamh den tslí inar labhair agus inar vótáil an tAire Stáit O'Keeffe i bhfabhar leasú an Rialtais agus é go hiomlán ar an eolas faoi na ceisteanna go léir a bhí i dtrácht lena n-áirítear na himpleachtaí do Ballylough Milling Ltd., a raibh scaireanna aige ann, agus dá fheirm féin. B'éigean a chuimhneamh freisin, go ndearna an Coiste ar Leasanna Comhaltaí, Dáil Éireann, roinnt míonna roimhe sin, tuairisc a thabhairt ar mhainneachtain ag an Teachta Denis Foley dearbhú cuí a dhéanamh faoi alt 7 le linn dó vótáil ar thairiscint chun an Binse Fiosrúcháin a bhunú maidir le hÍocaíochtaí Líomhnaithe le Polaiteoirí (Binse Moriarty). Déileáladh go mion sa tuarascáil le freagrachtaí comhaltaí faoin Acht Eitice. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí a rá go raibh an Teachta O'Keeffe neamartach i dtaca leis an beart ba chóir dó a dhéanamh agus nár fheidhmigh sé cúram agus aird oiriúnach i leith a fhreagrachtaí cé gur léir nár ghníomhaigh sé go meargánta. Mheas an Coimisiún go raibh an sárú ar alt 7 ag an Aire Stáit O'Keeffe míchúramach sa mhéid nach bhféadfaí a rá go raibh sé neamhaireach. Dá réir sin, chinn an Coimisiún go raibh a shárú neamartach.

Mar atá luaite thuas, bhí an Coimisiún sásta nárbh ionann mainneachtain an Aire O'Keeffe leas ábhartha a dhearbhú le linn imeachtaí sa Dáil agus iarracht d'aon turas chun leas a cheilt d'fhonn buntáiste a ghnóthú. Dá mba rud é go ndearbhódh sé go raibh leasanna aige féin agus ag daoine bainteacha i Ballylough Milling Ltd. agus go raibh ceadúnas min feola agus cnámh ag an gcuideachta, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis mhór aiféaltais dó, i dtéarmaí polaitíochta agus i dtéarmaí pearsanta. Ach ní fhéadfaí aon cheist a chur faoi shealbhú an cheadúnais a bheith dlisteanach nó faoi aon éagóir ar thaobh s'aigesean. Sna himthosca sin, bhí an sárú ag an Aire Stáit O'Keeffe ag an taobh is ísle d'aon scála tromchúise. Ag an am céanna, ba é tuairim an Choimisiúin nach bhféadfadh mionsárú a bheith i gceist, i gcoitinne, ach amháin i gcás inar tharla sárú teicniúil ar an Acht Eitice nach sárú é a dhochródh go mór an prionsabal gur ceart leasanna a bheith ar oscailt lena scrúdú i gcás ina bhféadfaidís a bheith contrártha do chomhlíonadh feidhmeanna poiblí, lena n-áirítear óráidí agus vótaí le linn imeachtaí san Oireachtas. Ar an mbonn sin, ní fhéadfaí a rá gur mhionábhar é an sárú a rinne an tAire Stáit O'Keefe.

2. Chinn an Coimisiún go ndearna an tAire Stáit O'Keeffe, le linn dó a bheith ina Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Áitiúil, Cuid III den Acht Eitice a shárú mar a leanas:

- mhainnigh sé, de réir mar a cheanglaítear le halt 13 den Acht Eitice, leasanna a mhná céile, a mhic agus a iníne cleamhnais i Ballylough Milling Ltd. a nochtadh ina Ráitis ar Leasanna Breise dar dháta an 5 Márta 1998

Chinn an Coimisiún go raibh an sárú ag leanúint ar aghaidh agus chinn sé gur ceart don Teachta O'Keeffe, a luaithe ab fhéidir agus de réir alt 29(1)(b) den Acht Eitice, ráiteas a thabhairt do Chléireach Dháil Éireann ar na leasanna breise a bhí i gceist i leith na dtréimhsí ón 8 Iúil 1997 go dtí an 31 Eanáir 1998, ón 1 Feabhra 1998 go dtí an 31 Eanáir 1999 agus ón 1 Feabhra 1999 go dtí an 31 Eanáir 2000.

Ní raibh aon fhianaise ag an gCoimisiún go ndearna an tAire Stáit O'Keeffe leasanna a mhná céile agus a leanaí a cheilt d'aon turas agus bhí an Coimisiún sásta nach ndearnadh an sárú go hintinneach. Tugadh fianaise lena thaispeáint cé chomh deacair atá sé alt 13 a léiriú agus go háirithe cé chomh deacair atá sé a thuiscint cad atá is gceist leis an téarma "leasanna breise". Cé gur ghlac an Coimisiún leis gur Acht casta é an tAcht Eitice, bhí roinnt Ráiteas ar Leasanna Breise ar fáil don Choimisiún ó shealbhóirí oifige eile agus ba léir go raibh siad comhlánaithe i gceart. Ní fhéadfadh an Coimisiún neamhshuim a dhéanamh de na treoracha ar an gcéad leathanach den fhoirm, a bhí

forordaithe ag an Aire Airgeadais le haghaidh “leasanna breise” a nochtadh, á rá go soiléir cad iad na leasanna a bhí le cur san áireamh san fhoirm maidir céile agus/nó leanaí an tsealbhóra oifige. I dteannta na dTreoirlínte a bhí eisithe ag an gCoimisiún chuig sealbhóirí oifige faoi alt 25 den Acht Eitice, tá foráil ann maidir leis an gCoimisiún do thabhairt comhairle d’aon shealbhóir oifige a iarrann a leithéid. Tá úsáid bainte as an bhforáil sin go minic ag sealbhóirí oifige. Ina theannta sin, is léir ón lámhleabhar Comh-Aireachta nach mór d’Airí agus d’Airí Stáit eolas a chur air gur ar an sealbhóir oifige atá an fhreagracht maidir leis an Acht Eitice a chomhlíonadh, viz.:-

> "**1.36** *Is í feidhm na Ranna sa réimse seo eolas imlíneach a sholáthar, agus sin amháin; tá an dualgas dlíthiúil ar Shealbhóirí Oifige agus ar sheirbhísigh phoiblí ar leith téarmaí an Achta a chomhlíonadh. I dtaca leis sin de, faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, tá oibleagáid ar shealbhóirí oifige agus ar sheirbhísigh phoiblí feidhmiú de réir na comhairle a thugann an Coimisiún um Oifigí Poiblí agus de réir na dtreoirlínte a fhoilsíonn sé, murab é gur sárú sin ar fhoráil eile den Acht. Dá réir sin, cé go dtabharfaidh Ranna an t-eolas imlíneach a luaitear agus cóipeanna de na Treoirlínte iomchuí ón gCoimisiún, is ceart d’Airí agus d’Airí Stáit agus do bhaill foirne atá ceaptha go pearsanta acu agus a mbaineann forálacha an Achta leo comhairle a ghlacadh leis an gCoimisiún maidir le haon ghnó a bhaineann lena n-oibleagáidí pearsanta faoin Acht.“*
>
> [Sliocht ó lamhleabhar Comh-Aireachta a fhoilsigh Reinn an Taoisigh i 1998.]

Sna himthosca go léir, mheas an Coimisiún go raibh an tAire Stáit O’Keeffe neamartach ina fhreagrachtaí faoi alt 13 den Acht Eitice ach nár ghníomhaigh sé go meargánta. Dá réir sin, chinn an Coimisiún go raibh an sárú ar alt 13 ag an Aire Stáit O’Keeffe neamartach agus go raibh sé réasúnach a chinneadh gur ceart dó a bheith eolach ar a chuid oibleagáidí.

Measann an Coimisiún go bhfuil sé an-tábhachtach go gcomhlíonfadh sealbhóirí oifige a n-oibleagáidí faoin Acht Eitice agus, i gcás ábhar amhrais a bheith ann, gur ceart dóibh comhairle a lorg ón gCoimisiún. Níor lorg an tAire Stáit O’Keeffe comhairle den sórt sin riamh. Is ceart d’Airí agus d’Airí Stáit, go háirithe, gach leas breise a dhearbhú i gcás féidearthacht a bheith ann, ag féachaint do nádúr a gcumhachtaí agus a ndualgais Roinne, go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith ann am éigin. Mhainnigh an tAire Stáit O’Keeffe leasanna de sórt sin a dhearbhú i gcás daoine dá theaghlaigh. Chinn an Coimisiún gurbh ábhar tromchúiseach, sna himthosca go léir, an sárú ar alt 13 ag an Aire Stáit O’Keeffe.

Mar fhocal scoir, ó tharla gurbh é ba bhrí le cuid mhór den fhianaise ná nach raibh an tAire Stáit O’Keeffe ar an eolas go raibh sé ag sárú an Achta Eitice, ghlac an Coimisiún leis gurbh é a bhí intuigthe as sin ná gur ghníomhaigh an tAire Stáit O’Keeffe de mheon macánta agus á chreidiúint go raibh a chuid beart de réir na dTreoirlínte a bhí eisithe ag an gCoimisiún. Chinn an Coimisiún cheana féin nach ndearnadh an dá sárú a bhí i gceist go hintinneach. Sa mhéid sin, d’fhéadfaí a rá nár chinn an Coimisiún gur ghníomhaigh an tAire Stáit O’Keeffe de mheon mímhacánta. Ach Chinn an Coimisiún go ndearnadh an dá shárú go neamartach. Sna himthosca sin, ní fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh gur ghníomhaigh an tAire Stáit O’Keeffe de mheon macánta agus á chreidiúint go raibh a chuid beart de réir na dTreoirlínte a bhí foilsithe. Thug an Coimisiún dá aire arís i dtaca leis seo de nár lorg an tAire Stáit O’Keeffe comhairle ón gCoimisiún.

Rinneadh an tuarascáil iomlan, na priomh cinneadh a achoimrítear thuas, a sholáthar mar a cheanglaítear faoin Acht Eitice, inter alia, chuig an gCoiste ar Leasanna Comhaltaí Dháil Éireann i lár mhí na Nollag 2001. Ó tharla gur cinneadh go ndearnadh sáruithe, bhí ar an gCoimisiún a chur faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid Dháil Éireann. Cuireadh an Teachta O’Keeffe ar fionraí ina dhiaidh sin ó sheirbhís an Tí ar feadh tréimhse 10 lá.

Cuid 3

An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (An tAcht Caighdeán)

An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (An tAcht Caighdeán)

Tá na feidhmeanna go léir a tugadh don Choimisiún um Eitic in Oifigí Poiblí faoin Acht Eitice agus faoi na hAchtanna Toghcháin bronnta ar an gCoimisiún um Chaighdeáin nuabhunaithe agus, chomh maith leis sin, beidh freagrachtaí breise air a eiríonn faoin Acht Caighdeán.

Tá cuid mhór nithe nua ann san Acht Caighdeán. Mar shampla, is féidir gearáin a dhéanamh chuig an gCoimisiún Caighdeán i gcás "daoine sonraithe" a bheith tar éis gníomhú ar shlí nach bhfuil ar comhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna an phoist iomchuí nó le cothabháil mhuinín an phobail más ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis. Folaíonn "daoine sonraithe" sealbhóirí oifige, comhairleoirí speisialta Airí, státseirbhísigh shinsearacha agus stiúrthóirí agus feidhmeannaigh shinsearacha de chuid comhlachtaí Stáit agus áirítear ann freisin, rud atá suntasach ann féin, gnáthchomhaltaí de dhá Theach an Oireachtais. Gan dochar do ghinearáltacht an téarma "tábhacht shuntasach phoiblí", léiríonn an tAcht Caighdeán go gclúdódh sé aon tairbhe a fhaigheann an duine sonraithe, nó duine bainteach, i gcás inar €13,000 nó níos mó an luach.

Ina theannta sin, agus mar bheart de bhun moladh ón gCoimisiún, déantar foráil leis an Acht Caighdeán maidir le nós imeachta ar tríd atá an Coimisiún Caighdeán in ann Oifigigh Fiosrúcháin a fhostú a sheolfadh réamhfhiosrúcháin maidir le gearáin faoi na hAchtanna Eitice. Is é a leanfadh as réamhfhiosrúcháin den sórt sin ná tuarascáil a thabharfaí don Choimisiún Caighdeán agus d'fhéadfadh tuairim a bheith sa tuarascáil sin, dá n-iarrfaí a leithéid, i dtaobh an bhfuil fianaise prima facie ann chun tacú leis an ngearán atá i gceist.

Tugtar isteach leis an Acht Caighdeán freisin ceanglas ar chomhaltaí den Dáil agus den Seanad, ar bhreithiúna sinsearacha agus ar státseirbhísigh shinsearacha deimhniú imréitigh cánach a sholáthar laistigh de thréimhse áirithe ón dáta a thoghtar, a ainmnítear nó a cheaptar iad. Go hachomair, tá forálacha san Acht Caighdeán trína gcaitear, le héifeacht ón 10 Nollaig 2001, deimhniú imréitigh cánach a thabhairt don Bhord um Cheapacháin Bhreithiúnacha nó do Rúnaí an Rialtais, de réir mar is cuí, i gcás daoine atá a gceapadh chuig oifig bhreithiúnach. Tá an deimhniú imréitigh cánach le tabhairt don Choimisiún Caighdeán i gcás daoine a thoghtar nó a ainmnítear do Dháil Éireann nó do Sheanad Éireann agus i gcás daoine a cheaptar chuig "oifig shinsearach" [i.e. poist agus stiúrthóireachtaí ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe faoin Acht Eitice, lena n-áirítear an státseirbhís, agus nach lú an luach saothair ina leith ná an luach saothair is ísle do Leas Ard-Rúnaí sa státseirbhís, is é sin le rá, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2001, €118,095.80 (£93,008)].

Is iad seo an leanas na doiciméid atá i gceist:

(1) **Deimhniú Imréitigh Cánach,** a bheadh eisithe ó Oifig an tÁrd-Bhailitheóir gcás a chuid nó a cuid oibleagáidí a bheith comhlíonta ag duine i ndáil le híoc nó tar chur aon chánacha, úis nó pionós a bhí le híoc agus i ndáil le seachadadh aon tuairisceán atá le tabhairt;

(2) **Ráiteas Iarratais,** a bheadh eisithe ó Oifig an tÁrd-Bhailitheóir in imthosca nach raibh cinneadh déanta fós i dtaobh Deimhniú Imréitigh Cánach a eisiúint nó a dhiúltú, nó i gcás diúltú a bheith tugtha má bhí an diúltú ina ábhar achomhairc nár cinneadh fós;

(3) **Dearbhú Reachtúil** arb é atá ann ná ionstraim arna forordú leis an Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, arna leasú leis an Acht Caighdeán sa mhéid go bhfuil méadú déanta ar an bpionós i leith dearbhuithe bréagacha chuig fíneáil uasta €2,539.48 agus/nó príosúnacht ar feadh téarma suas go 6 mhí.

Ag éirí as an méid sin thuas, ní mór do dhuine a thoghtar, nó a ainmnítear, mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, nó ní mór do dhuine a cheaptar chuig "oifig shinsearach", laistigh de 9 mí tar éis an dáta a thoghtar, a ainmnítear nó a cheaptar iad, na nithe seo a leanas a sholáthar don Choimisiún Caighdeán:

- Deimhniú Imréitigh Cánach a d'eisigh an tArd-Bhailitheoir tráth nach faide ná 9 mí roimh an dáta a toghadh, a ainmníodh nó a ceapadh é nó í, nó nach faide ná 9 mí tar éis an data sin, nó

- Ráiteas iarratais a d'eisigh an tArd-Bhailitheoir tráth nach faide ná 9 mí roimh an dáta a toghadh, a ainmníodh nó a ceapadh é nó í, nó nach faide ná 9 mí tar éis an data sin, agus

- Dearbhú Reachtúil a rinne an duine laistigh de mhí amháin roimh an dáta a toghadh, a ainmníodh nó a ceapadh é nó í, nó laistigh de mhí amháin tar éis an data sin, á fhianú go bhfuil á gcuid oibleagáidí cánachais comhlíonta acu agus nach eol aon bhac a bheith ann a choiscfeadh eisiúint Deimhnithe Imréitigh Cánach ag an Ard-Bhailitheoir.

Beidh na Cóid Iompair dá dtagraítear níos túisce sa tuarascáil seo agus atá á dtabhairt isteach leis an tAcht Caighdeán faoi réir comhairle a ghlacadh roimh ré leis an gCoimisiún Caighdeán agus léireofar iontu na caighdeáin iompair agus ionraicis do na hearnálacha daoine seo a leanas:

- comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann,
- sealbhóirí oifige, lena n-áirítear Airí agus Airí Stáit,
- sealbhóirí stiúrthóireachtaí agus sealbhóirí post i gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear an státseirbhís.

Beidh na Cóid Iompair ina gcuid dhílis den chreat rialála agus, mar shampla, beidh siad inghlactha in imeachtaí os comhair cúirte, os comhair Coiste de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann nó os comhair an Choimisiúin Caighdeán.

An Coimisiún Caighdeán a fhoilseoidh na Cóid Iompair.

Cuid 4

Na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2001 (na hAchtanna Toghcháin)

Na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2001 (na hAchtanna Toghcháin)

Faoi na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2001, tá an Coimisiún freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar na gnéithe sin den reachtaíocht a bhaineann le nochtadh síntiús polaitíochta, le teorainneacha ar chaiteachas i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin uachtaráin, le haisíoc caiteachais toghcháin iarrthóirí áirithe agus le maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta. Is fiú a lua gur féidir le daoine den phobal na ráitis go léir a thugtar don Choimisiún maidir le síntiúis, caiteachas toghcháin agus maoiniú Státchiste a iniúchadh agus a chóipeáil in oifigí an Choimisiúin agus gur féidir breathnú orthu ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Measann an Coimisiún gur gné an-tábhachtach den reachtaíocht í an ceanglas reachtúil nach mór an t-ábhar seo a cur ar fáil.

Sa chuid seo den tuarascáil soláthraíonn an Coimisiún na nithe seo a leanas: sonraí faoi shíntiúis a nochtadh agus faoi chaiteachais toghcháin a tabhaíodh agus a aisíocadh i ndáil leis an gcorrthoghchán i dTiobraid Árann Theas i Meitheamh 2001; achoimre ar shíntiúis a nocht TD-anna, Seanadóirí, CPE-anna agus páirtithe polaitíochta sa bhliain 2001; sonraí faoi mhaoiniú Státchiste a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe sa bhliain 2001 faoi na hAchtanna Toghcháin; agus cuntas ar conas a úsáideadh maoiniú Státchiste a fuair na páirtithe sa bhliain 2000.

Soláthraítear faisnéis sa chuid seo freisin maidir le gearán a fuair an Coimisiún i dtaobh an Teachta Jim Mitchell ar gearán é a d'éirigh as an gcomórtas le haghaidh cheannaireacht Fhine Gael go luath i 2001.

Achtaíodh reachtaíocht nua ag deireadh na bliana 2001 chun freagrachtaí breise a thabhairt don Choimisiún. Leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2001, i measc nithe eile, tugadh isteach teorainneacha ar luach na síntiús a cheadaítear do TD-anna, do Sheanadóirí, do CPE-anna agus do pháirtithe polaitíochta ar leithligh glacadh leo agus rinneadh socrú maidir le cuntais síntiús polaitíochta a oscailt agus maidir le tríú páirtithe, lena n-áirítear brú-ghrúpaí, a chlárú. Déantar foráil leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001, maidir le liúntais a íoc le ceannairí páirtithe polaitíochta. Tá na nithe sin le maoirsiú ag an gCoimisiún Caighdeán. Tugtar tuilleadh sonraí faoin dá mhír reachtaíochta sin níos déanaí sa tuarascáil seo.

Áirítear sa chuid seo freisin cuntas ar an gcorrthoghchán Seanaid a bhí ann ar an 18 Nollaig, 2001.

Tá roinnt figiúirí atá luaite sa chuid seo i bpuint na hÉireann amháin mar go mbaineann siad le hócáidí a bhí ann roimh thabhairt isteach an Euro.

Corrthoghchán Dála an 30 Meitheamh 2001 do Thiobraid Árann Theas

Ba é Corrthoghchán Dála an 30 Meitheamh 2001 do Thiobraid Árann Theas an séú corrthoghchán Dála a raibh feidhm ag forálacha na nAchtanna Toghcháin maidir leis a mhéid a bhain le nochtadh síntiús agus le teorainneacha ar chaiteachas toghcháin agus le haisíoc caiteachais toghcháin. Bhí ceathrar iarrthóirí agus trí pháirtí polaitíochta san iomaíocht sa chorrthoghchán a bhí ann ar an 30 Meitheamh 2001 chun an folúntas a líonadh a tharla de dheasca bhás Theresa Ahearn. Féach Tábla A thíos.

Tábla A: Iarrthóirí, Gníomhairí Toghcháin agus Gníomhairí Náisiúnta i gcorrthoghchán Dála Thiobraid Árann Theas

Iarrthóir	Páirtí Polaitíochta	Gníomhaire Toghcháin	Gníomhaire Náisiúnta
An Sean. Tom Hayes	Fine Gael	Maria Murphy	Mr. John Mitchell
An Comh. Denis Landy	Páirtí an Lucht Oibre	Mike Allen	Mr. Mike Allen
An Comh. Michael Maguire	Fianna Fáil	John Hartnett	Mr. John Hartnett
An Comh. Phil Prendergast	Neamhspleách	Séamus Healy, TD	Ní infheidhme

D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte don chorrthoghchán dar teideal *'Lámhleabhar don chorrthoghchán Dála i dTiobraid Árann Theas ar an 30 Meitheamh 2001'*. Eisíodh cóip den lámhleabhar chuig gach iarrthóir, chuig gach gníomhaire toghcháin agus chuig gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta a raibh iarrthóirí dá gcuid san iomaíocht sa chorrthoghchán.

Thug ionadaithe de chuid an Choimisiúin cuairt ar an dáilcheantar le linn an fheachtais toghcháin agus bhuail siad le hiarrthóirí agus le gníomhairí chun comhairle agus cabhair a thabhairt maidir le ceanglais na reachtaíochta. Tugadh cuairteanna ar oifigí feachtais agus soláthraíodh samplaí d'ábhar toghcháin don Choimisiún.

Síntiúis

Tá sonraí faoi na síntiúis a nocht an triúr iarrthóirí nár toghadh don Choimisiún le fáil i dTábla B thíos. Soláthraíonn an t-iarrthóir a toghadh, mar chomhalta den Dail, Ráiteas Síntiús bliantúil don Choimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain.

Nocht beirt den triúr iarrthóirí nár toghadh síntiúis ar mó a luach ná £500 agus a fuair siad i dtaca leis an gcorrthoghchán. Níor chuir aon duine de na hiarrthóirí sa chorrthoghchán in iúl don Choimisiún go bhfuarthas síntiúis anaithnide. Ní cheadaítear d'iarrthóirí glacadh le síntiús anaithnid (is é sin le rá síntiús nach eol don iarrthóir ainm nó seoladh an bhronntóra).

Ráitis Chaiteachas Toghcháin

Thug gach duine den cheathrar gníomhaire toghcháin agus gníomhairí náisiúnta na dtrí pháirtí polaitíochta a raibh iarrthóirí dá gcuid san iomaíocht sa chorrthoghchán Ráitis Chaiteachas Toghcháin don Choimisiún. Tugtar sonraí freisin i dTábla B thíos faoin gcaiteachas a tabhaíodh.

Bhreithnigh an Coimisiún na Ráitis Chaiteachas Toghcháin a tugadh dó. I gcoitinne, thug an Coimisiún faoi deara go raibh leibhéal maith feasachta ann faoi cheanglais na reachtaíochta ar thaobh na n-iarrthóirí, na ngníomhairí toghcháin agus na ngníomhairí náisiúnta. Ach, i roinnt cásanna, bhí gá lena iarraidh go ndéanfaí mionearráidí i ráitis a cheartú agus go soláthrófaí sonraisc iomchuí.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na Ráitis Chaiteachas Toghcháin a fuarthas, bhí an Coimisiún sásta nach raibh aon fhianaise ann go ndeachthas thar an teorainn chaiteachais sa chorrthoghchán.

Aisíoc caiteachas toghcháin

Bhí gach duine den cheathrar iarrthóirí cáilithe chun an t-aisíoc uasta £5,000 a fháil i leith caiteachais toghcháin. Tugtar aisíoc i gcás ina dtoghtar iarrthóir i gcorrthoghchán nó i gcás nach dtoghtar iarrthóir ach go bhfaigheann sé nó sí, ag aon chéim de chomhaireamh na vótaí, níos mó ná an ceathrú cuid den chuóta a bheadh ann sa dáilcheantar áirithe dá mba olltoghchán an corrthoghchán i.e. 1,995 vóta sa chás seo. Tugtar sonraí faoi na haisíocaíochtaí i dTábla B thíos.

Leag an Coimisiún na Ráitis Síntiús, na Ráitis Chaiteachais Toghcháin agus na Dearbhuithe Reachtúla a tugadh don Choimisiún faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas agus tá siad ar taispeáint don phobal.

Tábla B: Achoimre ar shíntiúis a nochtadh, ar chaiteachas a tabhaíodh agus ar aisíocaíochtaí a fuarthas i ndáil le corrthoghchán Dála Thiobraid Árann Theas

Iarrthóir	Luach na Síntiús a Nochtadh £	Caiteachas ag Gníomhaire Toghcháin an Iarrthóra £	Caiteachas ag an nGníomhaire Náisiúnta £	Caiteachas iomlán £	Aisíocaíochtaí a fuarthas £
An Sean. Tom Hayes	ceann ar bith	700	12,396.99	13,096.99	5,000
An Comh. Denis Landy	ceann ar bith	Neamhní	10,169.77	10,169.77	5,000
An Comh. Michael Maguire	8,673.50	14,118.50	Neamhní	14,118.50	5,000
An Comh. Phil Prendergast	11,658.23	11,658.23	N/A	11,658.23	5,000
Iomlan	**20,331.73**	**26,476.73**	**22,566.76**	**49,043.49**	**20,000**

Síntiúis arna nochtadh ag TD-anna, ag Seanadóirí agus ag CPE-anna sa bhliain 2001

Leis an reachtaíocht ceanglaítear ar chomhaltaí an dá Theach den Oireachtas agus ar ionadaithe i bParlaimint na hEorpa Ráiteas Síntiús bliantúil a thabhairt don Choimisiún ar ráiteas é ina nochtar sonraí faoi na síntiúis atá faighte acu chun críoch polaitíochta agus ar mó ná £500 (€634.87) a luach. Ní mór luachanna na síntiús go léir a fhaightear ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhiomlánú agus, más mó ná £500 (€634.87) a luach iomlán, ní mór iad a nochtadh. D'fhéadfadh síntiúis a bheith i bhfoirm airgid, maoine, earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear ítimí a sholáthraítear ar bpraghas atá níos ísle ná a bpraghas tráchtála. Áirítear freisin tabhartais a thugtar d'ócáidí bailithe airgid. Ní mór an Ráiteas Síntiús bliantúil a thabhairt faoin 31 Eanáir gach bliain i leith na bliana féilire roimhe sin. I gcás Ráiteas Síntiús don bhliain 2000, ba é an dáta iomchuí ná an 31 Eanáir 2001.

I gcás síntiúis a thugtar do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó d'ionadaí i bParlaimint na hEorpa, ní mheastar gur síntiús don duine sin é má thugann an duine dá pháirtí polaitíochta é agus má fhaightear admháil i scríbhinn ón bpáirtí maidir leis an síntiús. Ní mheastar gurb ionann caiteachas a thabhaíonn páirtí polaitíochta ar iarrthóir i dtoghchán agus síntiús ón bpáirtí don iarrthóir. Ach ní mór síntiúis airgid a thugann páirtí polaitíochta d'iarrthóir a nochtadh más rud é go bhfuil an méid níos mó ná £500 (€634.87).

Is é an pionós i leith mainneachtain Ráiteas Síntiús a thabhairt nó mainneachtain fógra a thabhairt don Choimisiún go bhfuarthas síntiús anaithnid ná fíneáil suas go £1,000 (€1,269.74). Má leanann an mhainneachtain Ráiteas Síntiús a thabhairt tar éis ciontú, d'fhéadfadh fíneáil eile a bheith ann suas go £100 (€126.97) in aghaidh an lae go dtí cibé uair a sholáthraítear an Ráiteas Síntiús. Is é an pionós i leith Ráiteas Síntiús atá bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach ná fíneáil suas go £20,000 (€25,394.76) nó príosúnacht ar feadh téarma suas go 3 bliana nó an fhíneáil agus an phríosúnacht sin le chéile.

Ráitis Síntiús a fuarthas sa bhliain 2001

Sa bhliain 2001 fuair an Coimisiún 240 Ráiteas Síntiús san iomlán don bhliain 2000 ó 165 chomhalta de Dháil Éireann (bhí corrfholúntas amháin ann de dheasca bhás Theresa Ahearn), ó 60 comhalta de Sheanad Éireann agus ó 15 ionadaí i bParlaimint na hEorpa. Tugann an Seanadóir Avril Doyle, CPE, agus an Teachta Proinsias De Rossa, CPE, dhá ráiteas ar leithligh i leith a suíocháin i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa. Rinneadh na Ráitis Síntiús agus tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gCeann Comhairle a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus cuireadh ar taispeáint go poiblí iad. Tá achoimre le fáil i dTábla C ina dtaispeántar an líon síntiús a nochtadh sna Ráitis.

Ní bhfuair an Coimisiún fógra faoi aon síntiús anaithnid a fháil ar mó a luach ná £100 (€126.97).

Tábla C: Ráitis Síntiús a fuarthas sa bhliain 2001 ó chomhaltaí den Dáil agus den Seanad agus ó ionadaithe i bParlaimint na hEorpa.

	Dáil Éireann		Seanad Éireann		Parlaimint na hEorpa	
Páirtí Polaitíochta	Síntiúis a Nochtadh	Tuairisceáin neamhní	Síntiúis a Nochtadh	Tuairisceáin neamhní	Síntiúis a Nochtadh	Tuairisceáin neamhní
Fianna Fáil	9	67	1	30	0	6
Fine Gael	3	50	1	16	0	4
Páirtí an Lucht Oibre	4	17	0	3	0	1
An Comhaontas Glas	0	2	n/a	n/a	0	2
An Páirtí Daonlathach	1	3	0	3	n/a	n/a
An Páirtí Sóisialach	0	1	n/a	n/a	n/a	n/a
Sinn Féin	0	1	n/a	n/a	n/a	n/a
Neamh-Pháirtí	1	6	0	6	0	2
IOMLAN	**18***	**147***	**2**	**58**	**0**	**15****

* Folúntas sa Dáil mar gheall ar bhás Theresa Ahearn

** Bhí ar an Teachta Proinsias De Rossa, CPE, agus ar an Seanadóir Avril Doyle, CPE, dhá ráiteas a thabhairt i leith a suíochán i dTithe an Oireachtais agus i bParlaimint na hEorpa.

Ba é luach iomlán na síntiús ar mó a luach ná £500 agus a nocht TD-anna agus Seanadóirí sa bhliain féilire 2001 ná **£87,794.31**. Níor nocht CPE-anna aon síntiúis.

I gcás fiche ceann de na Ráitis Síntiús a fuarthas, bhí nochtadh amháin ar a laghad iontu. I gcás dhá chéad is fiche freagróir, ní raibh aon nochtadh le déanamh acu. B'ionann méid na síntiús a fuair TD-anna, is é sin, **£73,833.14**, agus 84.1% den mhéid iomlán agus b'ionann méid na síntiús a fuair Seanadóirí, is é sin, **£13,961.17**, agus 15.9% den mhéid iomlán.

Is ag comhaltaí d'Fhianna Fáil, a fuair luach **£44,669**, a bhí an cion is mó (50.9%) de na síntiúis. Comhaltaí d'Fhine Gael, a fuair **£25,511.17** (29.1% den mhéid iomlán), a bhí ina ndiaidh sin, comhaltaí de Pháirtí an Lucht Oibre, a fuair **£4,876.30** (5.6%), a bhí sa tríú háit agus comhaltaí den Pháirtí Daonlathach, a fuair **£1,729.80 (**2%), a bhí sa cheathrú háit. Fuair comhaltaí neamh-pháirtí agus an Ceann Comhairle, le chéile, **£11,008.04** (12.5%).

Síntiúis arna nochtadh ag páirtithe polaitíochta sa bhliain 2001

Ceanglaítear leis an reachtaíocht ar Oifigeach Cuí gach páirtí polaitíochta chláraithe Ráiteas Síntiús a thabhairt don Choimisiún ina dtaispeántar an bhfuair an páirtí aon síntiúis ar mó a luach ná £4,000 (€5,078.95), nó ar mó a luach comhiomlán ná £4,000 (€5,078.95) ón duine céanna, i rith na bliana féilire roimhe sin. Ní mór an Ráiteas Síntiús a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Márta gach bliain. Mura gceaptar Oifigeach Cuí, meastar gurb é ceannaire an pháirtí an tOifigeach Cuí agus ceanglaítear airsean nó uirthisean an Ráiteas Síntiús a thabhairt.

Tá an tOifigeach Cuí freagrach go pearsanta as an Ráiteas Síntiús a thabhairt agus as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá ann cruinn. Tá feidhm ag na smachtbhannaí, atá luaite cheana féin, agus a bhfuil feidhm acu maidir le TD-anna, Seanadóirí agus CPE-anna i gcás mainneachtain Ráiteas Síntiús a thabhairt nó ráiteas atá bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach, maidir le hOifigeach Cuí freisin i ndáil le Ráiteas Síntiús a bpáirtí.

Ráitis Síntiús a fuarthas sa bhliain 2001

Chuir Oifig Chláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta in iúl don Choimisiún gur cealadh clárú Mhuintir na hÉireann ar an 11 Bealtaine 2000 agus go raibh an Páirtí Náisiúnta tar éis a ainm i gClár na bPáirtithe Polaitíochta a athrú go "Na Daonlathaigh Chríostaí (An Páirtí Náisiúnta) ". Chuir Oifigeach Cuí Pháirtí an Dlí Nádúrtha in iúl don Choimisiún freisin gur scoir an páirtí sin de bheith ar marthain mar pháirtí polaitíochta i mí na Nollag 2000. D'ainneoin an méid sin roimhe seo bhí ar Mhuintir na hÉireann agus ar Pháirtí an Dlí Nádúrtha, ó tharla go raibh siad cláraithe sa bhliain 2000, Ráitis Síntiús a thabhairt i leith na bliana 2000.

Fuair an Coimisiún Ráitis Síntiús sa bhliain 2001 don tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2000 ó gach ceann de na 15 pháirtí polaitíochta a bhí cláraithe sa Stát le linn 2000 chun bheith san iomaíocht i dtoghchán Dála nó i dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa. Rinne an Coimisiún cóipeanna de na Ráitis Síntiús a fuarthas ó na páirtithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus cuireadh ar taispeáint go poiblí iad. Tá achoimre ar an bhfaisnéis atá sna Ráitis Síntiús le fáil i dTábla D.

Tábla D: Ráitis Síntiús a fuarthas ó pháirtithe polaitíochta sa bhliain 2001.

Páirtí Polaitíochta	Value of donations disclosed (£)	Number of donors	Value of largest donation (£)
Fianna Fáil	152,455	20	50,000
Sinn Féin	20,806.58 +US $44,926.02 #	3	US $44,926.02
Fine Gael	50,000	1	50,000
Páirtí an Lucht Oibre	46,721	2	28,721
An Comhaontas Glas	21,372	4	7,170
An Páirtí Sóisialach	12,000	1	12,000
An Páirtí Daonlathach	65,259	3	50,000
An Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Páirtí Cumannach na hÉireann	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Muintir na hÉireann	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Na Daonlathaigh Chríostaí (An Páirtí Náisiúnta)	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Páirtí an Dlí Nádúrtha	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Páirtí na nOibrithe Sóisialacha	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Comhghuaillíocht Neamhspleách Chiarraí Theas	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme
Páirtí na nOibrithe	ceann ar bith	ceann ar bith	ní infheidhme

Fuarthas an síntiús seo ó "Chairde Shinn Féin, Stáit Aontaithe Mheiriceá". Dhaingnigh Sinn Féin nach raibh aon síntiúis ar leithligh san áireamh ann ar mó a luach ná £4,000.

Ba é luach iomlán na síntiús ar mó a luach ná £4,000 agus a nocht páirtithe polaitíochta sa bhliain 2001, i leith na bliana féilire 2000, ná **£368,613.58 + US$ 44,926.02**. Rinne seacht gcinn de na páirtithe nochtadh. Fianna Fáil a nocht an luach iomlán is mó síntiús **(£152,455)**, bhí an Páirtí Daonlathach sa dara háit **(£65,259)**, bhí Sinn Fein **(£20,806.58 + US$ 44,926.02)** sa tríú háit, agus bhí Fine Gael **(£50,000)** sa cheathrú háit. Nocht Páirtí an Lucht Oibre **(£46,721)**, an **Comhaontas Glas (£21,372)** agus an Páirtí Sóisialach **(£12,000)** síntiúis freisin. Níor nocht aon cheann de na páirtithe polaitíochta eile síntiúis.

Ba é Denis O'Brien an duine aonair a thug na síntiúis is mó do pháirtithe polaitíochta, is é sin le rá, **£150,000** san iomlán (£50,000 an ceann d'Fhianna Fáil, d'Fhine Gael agus don Pháirtí Daonlathach). Ba é an chéad bhronntóir is mó ina dhiaidh sin ná "Cairde Shinn Féin, Stáit Aontaithe Mheiriceá ", a thug síntiúis **US $44,926.02** do Shinn Féin; bhí SIPTU ina dhiaidh sin mar gur thug siad síntiúis **£28,721** do Pháirtí an Lucht Oibre.

Nocht Fianna Fáil agus an Páirtí Daonlathach síntiúis ó chuideachtaí. Áirítear i measc na gcuideachtaí a liostaíodh mar bhronntóirí Banc Angla-Éireannach, *Ballymore Properties, Grúpa Cantrell & Cochrane, Castle Market Holdings, DCD Builders, Durkan New Homes, Gunne Commercial, MW Homes, McGinley Motors, Murnane & O'Shea Ltd., Nissan Ireland, PJ Hegarty & Sons, Park West, Grúpa Seán Quinn, Spencer Dock Developments* (ar Fianna Fáil a nocht iad sin go léir) agus Precision Software Ltd. (An Páirtí Daonlathach). Níor nocht aon pháirtí polaitíochta eile síntiúis ó chuideachtaí.

Thug roinnt ionadaithe tofa síntiúis dá bpáirtithe polaitíochta. Ba é an Teachta Proinnsias De Rossa, MEP, a thug an síntiús is airde, is é sin, **£18,000** do Pháirtí an Lucht Oibre, bhí an Teachta Caoimhghín Ó Caoláin, ina dhiaidh sin agus thug sé **£16,000** do Shinn Féin agus bhí an Teachta Joe Higgins ina dhiaidh sin arís mar gur thug sé síntiúis **£12,000** don Pháirtí Sóisialach. Nocht an Comhaontas Glas síntiúis freisin a fuarthas óna chuid CPE-anna, Nuala Ahern agus Patricia McKenna, a thug **£7,170** an duine don pháirtí. Ina theannta sin, nocht an Comhaontas Glas tabhartais **£3,720** agus **£3,312** ó na Teachtaí Trevor Sargent agus John Gormley, faoi seach. Ó tharla go raibh na síntiúis sin faoi bhun na tairsí £4,000 ní raibh aon ghá lena nochtadh.

Chomh maith leis sin fuarthas Ráitis Síntiús Fhorlíontacha ó

Oifigeach Cuí Fhianna Fáil i leith síntiús a tugadh do bhrainse den pháirtí le linn 1998 agus 1999. Ba cheart na síntiúis sin a chur san áireamh i Ráitis Síntiúis an pháirtí do na blianta 1998 agus 1999 ach ní dhearnadh amhlaidh. Thug an tOifigeach Cuí sonraí don Choimisiún faoi na bearta a bhí déanta aige lena chinntiú go raibh nochtadh iomlán cruinn ann sna Ráitis Síntiúis bhunaidh. Tar éis an t-ábhar a bhreithniú, bhí an Coimisiún sásta nár sháraigh an tOifigeach Cuí na hAchtanna Toghcháin trí Ráiteas Síntiús a bhí bréagach nó míthreorach a thabhairt go feasach i leith 1998 nó 1999. Chomh maith leis sin, bhí an Coimisiún sásta go ndearna an tOifigeach Cuí gach beart réasúnach lena chinntiú go raibh na Ráitis Síntiús cruinn.

Maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta

Tá foráil sa reachtaíocht toghcháin maidir le maoiniú poiblí do pháirtithe polaitíochta cáilithe. Chun cáiliú i gcomhair maoiniú a fháil, ní mór do pháirtí polaitíochta a bheith cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus ní mór dó 2% ar a laghad de na vótaí chéad rogha a bheith faighte aige san olltoghcháin Dála is déanaí a bhí ann. Cháiligh seacht bpáirtí polaitíochta i gcomhair maoiniú poiblí ar bhonn thorthaí olltoghchán na bliana 1997. Déantar méid an mhaoinithe is iníoctha le gach páirtí cáilithe a chinneadh de réir an chion a fuair sé de na vótaí chéad rogha a fuair na páirtithe cáilithe go léir.

Foráiltear leis an reachtaíocht nach mór an maoiniú a úsáid le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas:

- riarachán ginearálta an pháirtí;
- taighde, oideachas agus oiliúint;
- foirmiú polasaí;
- comhordú gníomhaíochtaí brainsí agus comhaltaí páirtí.

Meastar go n-áirítear sa mhaoiniú soláthar i leith cur chun cinn páirteachais ag mná agus ag daoine óga i ngníomhaíocht pholaitíochta. Tá socrú sa reachtaíocht freisin nach gceadaítear an maoiniú "a úsáid le haghaidh caiteachas toghcháin nó chun caiteachais toghcháin a chúiteamh".

Ní mór do pháirtithe cáilithe cuntas a thabhairt ar bhonn bliantúil ar an úsáid a bhaineann siad as an maoiniú. Tugann Oifigeach Cuí gach páirtí polaitíochta cháilithe Ráiteas Caiteachais Státchiste don Choimisiún ina soláthraítear sonraí faoin méid maoinithe atá faighte i leith na bliana roimhe sin agus i leith na gcuspóirí ar úsáideadh lena n-aghaidh é. Ceanglaítear go ndéanfaidh Iniúchóir Poiblí iniúchadh ar an ráiteas agus ní mór tuarascáil an iniúchóra a chur in éineacht leis an ráiteas a thugtar don Choimisiún. Ní thugtar íocaíochtaí do pháirtí cáilithe tar éis dheireadh mhí Aibreáin in aon bhliain mura rud é go mbeidh Ráiteas Síntiús agus Ráiteas Caiteachais Státchiste tugtha don Choimisiún aige i leith na bliana roimhe sin.

Pocaíochtaí a tugadh i leith na bliana 2000

Faoin reachtaíocht, ní fhéadfadh na híocaíochtaí iomlána le páirtithe cáilithe a bheith níos mó ná **£1m.** in aghaidh na bliana. Bhí an figiúr sin faoi réir méadú uathoibríoch, áfach, ar comhréir le méaduithe ginearálta i luach saothair na státseirbhíse. Ba é an maoiniú iomlán a bhí ar fáil do pháirtithe polaitíochta cáilithe i leith na bliana 1999 ná **£1,055,924**. Le linn 2000, mar gheall ar mhéadú 1.0% a raibh éifeacht leis ón 1 Aibreán 2000 faoi Chomhpháirtíocht 2000 agus ar mhéadú 5.5% a raibh éifeacht leis ón 1 Deireadh Fómhair 2000 faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime, ba é an maoiniú iomlán a bhí ar fáil do pháirtithe polaitíochta cáilithe i leith na bliana 2000 ná **£1,086,536.60**.

Ba é a méid a íocadh iarbhír le páirtithe polaitíochta cáilithe i leith na bliana 2000 ná **£1,053,603.21**. Rinneadh riaráistí **£2,727.75** a bhí dlite do pháirtithe cáilithe i leith an cheathrú ráithe den bhliain 2000 a íoc i mí Aibreáin 2001. Ó tharla go raibh na Ráitis Chaiteachais Státchiste don bhliain 2000 le tabhairt don Choimisiún faoin 31 Márta 2001, ní raibh cuntas tugtha ag páirtithe cáilithe i leith na riaráistí sin ina Ráitis Chaiteachais Státchiste don bhliain 2000. Rinneadh socruithe chun cuntas a thabhairt i leith an chaiteachais seo sna Ráitis Chaiteachais Státchiste don bhliain 2001. Is é atá san iarmhéid **£30,205.64**, ná an méid a bheadh iníoctha leis an Daonlathas Clé dá leanfadh sé de bheith cláraithe mar pháirtí polaitíochta. Ó tharla nach raibh sé cláraithe a thuilleadh tar éis cónascadh le Páirtí an Lucht Oibre i mí Eanáir 1999 níor chomhlíon sé ceann amháin de na critéir cháilitheacha le haghaidh íocaíochta. Tá miondealú le fáil i dTábla E ar conas a caitheadh an maoiniú a fuair gach ceann de na 6 pháirtí polaitíochta cháilithe.

Tábla E: Caiteachas ag páirtithe polaitíochta i leith maoiniú Státchiste do bhliain 2000

Páirtí Polaitíochta Cáilithe	Riarachán Ginearálta	Taighde, Oideachas & Oiliúint (£)	Foirmiú Polasaí (£)	Comhordú Gníomhaíochtaí Brainsí & Comhaltaí (£)	Mná & Daoine Óga a Chur Chun Cinn (£)	Maoiniú Iomlán a fuarthas (£)
Fianna Fáil	215,398	Neamhní	Neamhní	257,325	(36,729)[1]	**472,723**
Fine Gael	182,848	23,000	27,000	50,300	52,700	**335,848**
Páirtí an Lucht Oibre	112,464	Neamhní	Neamhní	Neamhní	12,490	**124,954**
An Páirtí Daonlathach	56,246	Neamhní	Neamhní	Neamhní	(5,625)[2]	**56,246**
An Comhaontas Glas	32,792	370	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**33,162**
Sinn Féin	30,670	Neamhní	Neamhní	Neamhní	Neamhní	**30,670**
Iomlan	**630,418**	**23,370**	**27,000**	**307,625**	**65,190**[3] (107,544)	**1,053,603**[4]

1 San áireamh cheana féin faoin gceannteideal 'Comhordú Gníomhaíochtaí Brainsí & Comhaltaí'
2 San áireamh cheana féin faoin gceannteideal 'Riarachán Ginearálta'
3 Ní áirítear méideanna dá dtagraítear i nótaí 1 agus 2. Is é an méid iomlán a mheastar a bheith tabhaithe faoin gceannteideal seo ná £107,544.
4 Rinneadh na figiúirí a chothromú chuig an £ is gaire.

I dTábla F thíos taispeántar méid an mhaoinithe Státchiste a íocadh leis na sé pháirtí cháilithe sa bhliain 2001. Déanfar sonraí faoi conas a d'úsáid na páirtithe a sholáthar i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin don bhliain 2002.

Leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2001 (tugtar tuilleadh sonraí níos déanaí sa tuarascáil seo) rinneadh an leibhéal maoinithe Státchiste is iníoctha leis na sé pháirtí polaitíochta a mhéadú go €126,973.81 (£100,000) an ceann, móide sciar de €3,809,214 (£3m) atá le ríomh ar comhréir le neart na bpáirtithe mar atá luaite thuas. Rinneadh socruithe nua le haghaidh páirtithe cónasctha a thabhairt isteach freisin.

Tábla F: Maoiniú Státchiste a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe don bhliain 2001

Páirtithe Polaitíochta Cáilithe	Vótaí chéad rogha mar % de mhéid iomlán vótaí chéad rogha	Colún 2 mar % de líon iomlán vótaí chéad rogha na bpáirtithe polaitíochta	Maoiniú Státchiste iomlán don bhliain 2001 (£)
Fianna Fáil	39.33	43.62	654,632.63
Fine Gael	27.95	30.99	469,912.09
Páirtí an Lucht Oibre	10.40	11.53	199,199.11
An Páirtí Daonlathach	4.68	5.19	92,573.21
An Comhaontas Glas	2.76	3.06	61,420.82
Sinn Féin	2.55	2.83	58,056.94
Total	**87.67***	**97.22***	**1,535,794.80**

*Fágadh an Daonlathas Clé ar lár

Ceanglais maidir le nochtadh i gcás earnálacha áirithe síntiúsóirí

Gné thábhachtach den reachtaíocht toghcháin is ea an oibleagáid atá ar shíntiúsóirí ar leithligh Ráiteas Síntiús a thabhairt in imthosca áirithe. Foráiltear le halt 24(1A) den Acht Toghcháin, 1997, arna thabhairt isteach le halt 6 den Acht Toghcháin (Leasú), 1998, nach mór do dhuine a thugann síntiúis i mbliain féilire ar mó a luach comhiomlán ná €5,078.95 (£4,000) ar síntiúis iad a thugtar:

(i) do bheirt duine nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta céanna an tráth a thugtar na síntiúis, nó
(ii) do dhuine amháin nó níos mó agus don pháirtí polaitíochta ar comhaltaí de an duine nó na daoine sin nuair a tugadh na síntiúis,

Ráiteas Síntiús a thabhairt don Choimisiún ina dtaispeántar luach comhiomlán na síntiús, an páirtí polaitíochta lena mbaineann agus ainm, tuairisc agus seoladh gach faighteora. Tá ar an síntiúsóir an ráiteas a thabhairt is cuma an bhfuil na síntiúis le nochtadh freisin ag an bhfaighteoir.

Tá an fhoráil sin beartaithe lena chinntiú go nochtfar síntiúis iolracha a thugann duine do chomhaltaí éagsúla agus/nó d'orgáin éagsúla (e.g. ceannoifig agus brainsí) den pháirtí polaitíochta céanna ar síntiúis iad nach nochtfaí thairis sin mar go bhféadfadh sé go mbeadh luach na síntiús ar leithligh faoi bhun na dtairseach le haghaidh nochtadh i gcás na bhfaighteoirí lena mbaineann. Le leasú gaolmhar ar an Acht Toghcháin, 1997, cuireadh deireadh leis an oibleagáid a bhí ar Oifigigh Chuí ceist a chur ar gach orgán agus ar gach comhalta (tofa agus neamhthofa) den pháirtí lena fháil amach an bhfuair siad síntiús d'aon chineál nó d'aon luach, luachanna na síntiús go léir a bhí faighte ón síntiúsóir céanna a chomhiomlánú agus nochtadh a dhéanamh i gcás luach iomlán na síntiús a bhí faighte ón síntiúsóir céanna a bheith os cionn €5,078.95 (£4,000) i bliain féilire.

Tá sé de cheangal ar Oifigigh Chuí fós, áfach, chomh maith le sonraí a sholáthar faoi shíntiúis ar mó a luach ná €5,078.95 (£4,000) agus a fhaigheann ceannoifig páirtí, na ceisteanna riachtanacha a chur agus aon síntiús aonair, ar mó a luach ná €5,078.95 (£4,000), agus a fhaigheann fo-eagraíocht de chuid an pháirtí, a nochtadh. Má thugann an duine céanna síntiús d'fho-eagraíocht ar mó a luach ná €5,078.95 (£4,000) agus go dtugann sé nó sí síntiús don cheannoifig pháirtí freisin, is ceart don Oifigeach Cuí luachanna na síntiús a chomhiomlanú chun críocha nochtadh.

De réir mar a cheanglaítear ar shíntiúsóirí a thugann síntiúis do chomhaltaí éagsúla agus/nó d'orgáin éagsúla de pháirtí polaitíochta bhí dhá Ráiteas Síntiús den sórt sin faighte ag an gCoimisiún suas go dtí deireadh na bliana 2001. Leag an Coimisiún na ráitis sin faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas agus cuireadh ar taispeáint go poiblí iad.

Corrthoghchán Seanaid

Ar an 18 Nollaig 2001 seoladh corrthoghchán chun folúntas a líonadh a bhí ann de dheasca an Seanadóir Tom Hayes a thoghadh do Dháil Éireann. Bhí beirt iarrthóir san iomaíocht sa chorrthoghchán. Ba é an t-iarrthóir a toghadh ná M. J. Nolan. De réir fhorálacha an Achta Toghcháin, 1997, bhí oibleagáid ar an iarrthóir nár toghadh, Michael Fitzgerald, laistigh de 56 lá tar éis chríochnú na vótaíochta, Ráiteas Síntiús a thabhairt ina nochtfaí aon síntiúis a fuarthas i ndáil leis an toghchán. Thug an tUas. Fitzgerald Ráiteas Síntiús ar an 15 Eanáir 2002 inar léirigh sé nach bhfuair sé aon síntiúis i ndáil leis an gcorrthoghchán.

Níl aon teorainneacha caiteachais nó aon aisíoc caiteachas toghcháin ann i dtoghchán Seanaid.

An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001

Leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2001 (Acht 2001) tugadh isteach forálacha nua maidir le síntiúis pholaitíochta, tríú páirtithe, aonaid chuntasaíochta, caiteachas toghcháin agus maoiniú do pháirtithe polaitíochta.

Síntiúis

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2002, is é luach iomlán na síntiús a cheadaítear do chomhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas, d'ionadaithe i bParlaimint na hEorpa agus d'iarrthóirí i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin Seanaid, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin uachtaráin a ghlacadh ón síntiúsóir céanna sa bhliain féilire chéanna ná €2,539.48 (£2,000). Ní cheadaítear do pháirtithe polaitíochta, d'aonaid chuntasaíochta páirtithe polaitíochta (féach thíos) ná do thríú páirtithe síntiúis a ghlacadh ón síntiúsóir céanna ar síntiúis iad ar mó a luach, le linn bliana féilire, ná €6,348.69 (£5,000).

Ní cheadaítear d'aon cheann de na haicmí dá dtagraítear thuas síntiús a ghlacadh ó dhuine aonair (seachas saoránach

Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann ná ó chomhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine nach gcoimeádann oifig in oileán na hÉireann ar oifig í óna ndéantar seoladh ceann amháin nó níos mó dá phríomhghníomhaíochtaí a threorú.

Ina theannta sin, ní mór dóibh sin atá luaite, le héifeacht ón 1 Eanáir 2002:

a) cuntas a oscailt agus a chothabháil i bhforas airgeadais sa Stát má fhaigheann siad síntiús airgid ar mó a luach ná €126.97 (£100);

b) an síntiús sin agus aon síntiús airgid eile a gheofar, is cuma cad é a luach, a thaisceadh sa chuntas sin;

c) ráiteas a thabhairt don Choimisiún ag deireadh gach bliana, ar ráiteas é arna sholáthar ag an bhforas airgeadais agus ina sonraítear na hidirbhearta atá déanta i ndáil leis an gcuntas i rith na bliana roimhe sin;

d) deimhniú agus dearbhú reachtúil a thabhairt don Choimisiún á rá go ndearnadh gach síntiús airgid a fuarthas a thaisceadh sa chuntas agus go ndearnadh gach méid a cuireadh chun dochair don chuntas a úsáid le haghaidh cuspóirí polaitíochta.

Tríú páirtithe

I dteannta an méid sin roimhe seo, tá ceanglais eile tugtha isteach le hAcht 2001 i ndáil le clárú agus maoiniú tríú páirtithe. Ciallaíonn 'tríú páirtí' aon duine, seachas páirtí polaitíochta cláraithe nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain áirithe, síntiús ar mó a luach ná €126.97 (£100). Is é atá i síntiús ná aon tabhartas a thugtar chun críoch polaitíochta agus folaíonn sé síntiús airgid, maoine, earraí nó seirbhísí. Is é an sainmhíniú agus an bhrí leathan atá ann do "críocha polaitíochta" ná aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) (I) leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa a chur chun cinn, nó cur i gcoinne na leasanna sin, go díreach nó go hindíreach, nó

(II) polasaithe nó polasaí áirithe de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair go díreach nó go hindíreach, nó

(III) tuairimí páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair, go díreach nó go hindíreach, maidir le polasaí nó polasaithe páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta eile, comhalta eile de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí eile i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí eile nó iarrthóir eile i dtoghchán nó i reifreann nó ar shlí eile, nó

(IV) leasanna tríú páirtí a chur chun cinn, nó cur i gcoinne na leasanna sin, go díreach nó go hindíreach, ar leasanna iad a bhaineann le seoladh nó bainistiú aon fheachtais a sheoltar d'fhonn toradh áirithe a chur chun cinn nó a fháil i ndáil le polasaí nó polasaithe nó feidhmeanna de chuid an Rialtais nó aon údaráis phoiblí;

(ii) toghadh iarrthóra i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach a chur chun cinn, nó cur i gcoinne toghadh den sórt sin, nó vótaí a lorg d'iarrthóir nó i gcoinne iarrthóra nó polasaithe nó polasaí áirithe iarrthóra nó tuairimí iarrthóra ar aon ábhar a bhaineann leis an toghchán nó tuairimí iarrthóra maidir le polasaí nó polasaithe páirtí polaitíochta nó grúpa polaitíochta nó iarrthóra eile sa toghchán nó ar shlí eile a chur chun cinn, nó cur i gcoinne na leasanna sin, go díreach nó go hindíreach;

(iii) tionchar a imirt, ar shlí eile, ar thoradh an toghcháin nó ar thoradh reifrinn nó ar thoradh feachtais dá dtagraítear i mír (i)(IV) den mhíniú seo.

A luaithe is féidir tar éis síntiús ar mó a luach ná €126.97 (£100) a fháil, agus sula dtabhaítear aon chaiteachais chun críoch polaitíochta, ní mór do thríú páirtí an méid seo a leanas a thabhairt don Choimisiún:

i) ainm agus seoladh an tríú páirtí agus ainm agus seoladh an duine fhreagraigh i ndáil leis an tríú páirtí (ciallaíonn an duine freagrach an duine nó na daoine atá freagrach as cúrsaí eagrúcháin, cúrsaí bainistíochta nó gnóthaí airgeadais an tríú páirtí),

ii) ráiteas faoi chineál, cuspóir agus méid measta na síntiús a thugtar don tríú páirtí, agus chaiteachais bheartaithe an tríú páirtí, in aon bhliain áirithe, agus

iii) léiriú ar an bhaint, más ann, atá ag an tríú páirtí le haon pháirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán, i reifreann nó ar shlí eile.

Is dealraitheach don Choimisiún gurb é is ciall leis an sainmhíniú ar "críocha polaitíochta" ná go meastar aon ghrúpa a eagraíonn feachtas ar aon saincheist i ndáil le polasaí de chuid an Rialtais, nó de chuid aon údaráis phoiblí, agus a fhaigheann síntiús ar mó a luach ná €126.97 (£100), a bheith ina thríú páirtí agus ní mór dó clárú leis an gCoimisiún.

Is cion é do thríú páirtí mainneachtain ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh.

Is ceart a lua freisin nach mór d'aon duine aonair nó grúpa a bheartaíonn caiteachais toghcháin a thabhú i dtoghchán Dála nó i dtoghchán Eorpach clárú leis an gCoimisiún cibé acu atá nó nach bhfuil síntiús faighte acu.

Aonaid Chuntasaíochta

Ciallaíonn aonad cuntasaíochta brainse, lena n-áirítear ceannoifig páirtí polaitíochta más aonad cuntasaíochta ar leithligh é nó fo-eagraíocht eile de chuid an pháirtí, a fhaigheann síntiús in aon bhliain áirithe ar mó a luach ná €126.97 (£100). Le hAcht 2001 ceanglaítear ar Oifigeach Cuí páirtí polaitíochta ainm agus seoladh an duine nó na ndaoine atá freagrach as an aonad cuntasaíochta (i.e. an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as déileáil le síntiúis a thugtar don aonad) a chur in iúl don Choimisiún.

Caiteachais Toghcháin

Le hAcht 2001 méadaíodh na teorainneacha caiteachais i gcás iarrthóirí i dtoghcháin Dála ó £14,453, £17,550 agus £20,648 i leith dáilcheantar trí, ceithre agus cúig shuíochán go €25,394.76 (£20,000), €31,743.45 (£25,000) agus €38,092.14 (£30,000), faoi seach.

Dhéileáil an tAcht freisin le saoráidí Oireachtais a bheith á n-úsáid le haghaidh cuspóirí toghcháin ag comhaltaí na dTithe atá ag dul as oifig. Luaigh an Coimisiún, ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2000, go raibh iarrthóirí ionchasacha san olltoghchán Dála nach raibh ina gcomhaltaí den 28ú Dáil nó den Seanad, tar éis ábhar imní a léiriú don Choimisiún sa mhéid gur cheap siad go mbeadh buntáiste éagothrom ag comhaltaí de na Tithe a bhí ag dul as oifig dá mbeadh cead acu úsáid a bhaint as clúdaigh saor in aisce agus as saoráidí eile Oireachtais la haghaidh cuspóirí toghcháin gan aon oibleagáid a bheith orthu cuntas a thabhairt i leith chostas na húsáide sin mar chuid dá gcaiteachas toghcháin. Bhí an méid seo a leanas le rá ag an gCoimisiún sa Tuarascáil sin freisin:

"Mar atá ráite níos túisce sa tuarascáil seo, áirítear ar na ceisteanna a tháinig chun cinn maidir le corrthoghchán Dála Thiobraid Árann Theas úsáid clúdach Oireachtais "saor in aisce" ag iarrthóirí. Bhí sé tugtha faoi deara ag an gCoimisiún go raibh an tsaoráid sin á húsáid roimhe sin i dtoghcháin Dála agus i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Déantar socrú leis na hAchtanna Toghcháin nach measfar gurb ionann "aon íocaíocht, seirbhís nó saoráid a thugtar do dhuine as cistí poiblí ... (... de bhun na nAchtanna um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí), 1938 go 1996) ... de bhua gur comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas é nó í ... [nó] gur comhalta de pháirtí polaitíochta é nó í ..." agus síntiús don duine nó caiteachas toghcháin.

"Tuigeann an Coimisiún go leagan an tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí), 1962, arna leasú, teorainn le húsáid clúdach Oireachtais sa mhéid nach féidir iad a úsáid ach amháin i ndáil le comhfhreagras a éiríonn as comhlíonadh dualgas parlaiminteach comhalta. Roimh an gcorrthoghchán, cuireadh cinneadh maidir leis an ábhar seo a bhí déanta ag Coiste Nós Imeachta agus Pribhléidí na Dála in iúl don Choimisiún. Rinne an Coimisiún tagairt don ábhar ina threoirlínte á chur in iúl nach ceart clúdaigh Oireachtais a úsáid i dtoghcháin. Luaigh an Coimisiún sna treoirlínte chomh maith go measfaidh an Coimisiún, má tharlaíonn sé, rud nach bhfuiltear ag súil go dtarlóidh sé, go n-úsáidfidh iarrthóir clúdaigh Oireachtais réamhíoctha, nó go n-úsáidfear iad thar ceann iarrthóra, gurb ionann an úsáid sin agus síntiús don iarrthóir agus caiteachas toghcháin arna thabhú ag an iarrthóir."

Thug an Coimisiún le fios sa tuarascáil nár chuid dá chúram é cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht nó neamhoiriúnacht úsáid den sórt sin ag comhaltaí a bhí ag dul as oifig. Ba é ábhar imní an Choimisiúin, i gcomhthéacs a róil maoirseachta faoi na hAchtanna Toghcháin, na a chinntiú go raibh tuiscint iomlán ann ar cheanglais na reachtaíochta; go mbeadh cuntas ann maidir leis an gcaiteachas toghcháin go léir lena mbaineann an reachtaíocht agus go ndéanfaí bearta cuí chun déileáil le cionta faoin reachtaíocht, lena n-áirítear róchaiteachas, i gcásanna ina mbeadh gá lena leithéid.

Rinneadh dhá athrú ar an reachtaíocht tar éis fhoilsiú tuarascáil an Choimisiúin don bhliain 2000 agus tá baint acu leis an ábhar thuasluaite. I dtosach báire, tá liosta i mír 1 den Sceideal a ghabhann le hAcht 2001 de na hítimí a measfaí ina leith gur caiteachais toghcháin iad. Foráiltear go sonrach mar a leanas le mír 2 den Sceideal:

"D'fhonn amhras a sheachaint, ní shíneann aon ní i mír 1 (den Sceideal) chuig - (c) aon chaiteachais i leith aon mhaoine, seirbhísí nó saoráidí go feadh cibé méid atá na caiteachais sin le híoc as cistí poiblí;"

Sa dara háit, rinne Cuid 6 den Acht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2001, leasú ar alt 2 den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí), 1962, tríd an tagairt "de dhroim a dhualgas parlaiminte" a scriosadh i ndáil le húsáid saoráidí Oireachtais teileafóin agus postais.

Áirítear ar chuspóirí an Achta Toghcháin, 1997, socrú a dhéanamh maidir le cúinsí níos cothroime a sholáthar do na hiarrthóirí agus na páirtithe go léir i dtoghchán. Bhí sé beartaithe go mbeadh gach iarrthóir i dteideal an leibhéal céanna caiteachais, lena n-áirítear sochair chomhchineáil, a thabhú le linn a bheith san iomaíocht sa toghchán. Dar leis an gCoimisiún, is léir gurb é is éifeacht leis na leasuithe reachtacha dá dtagraítear thuas ná buntáiste suntasach a thabhairt d'iarrthóirí atá ina gcomhaltaí de na Tithe atá ag dul as oifig thar iarrthóirí eile nach bhfuil teacht acu ar shaoráidí a n-íoctar astu as cistí poiblí.

Foráil eile d'Acht 2001 a bhí ina hábhar imní don Choimisiún ná an ceann sin lenar socraíodh nach mbeadh aon suim arna heisíoc ag duine as acmhainní dílse an duine sin i leith aon mhionchaiteachas (gan dul thar €126.97 in aon íocaíocht ar leith), arna dtabhú go dleathach i ndáil leis an toghchán, ina caiteachas toghchán mura n-aisíocfaí an tsuim leis an duine. Chonacthas don Choimisiún gurbh ionann sin is a rá go bhféadfaí mórchaiteachas a thabhú i dtoghchán gan aon oibleagáid a bheith ann cuntas a thabhairt ina leith. Dá mba rud é gurbh amhlaidh an cás, bheadh sé i gcoinne cuspóir na dteorainneacha caiteachais atá sa reachtaíocht. Chaith an Coimisiún tamall fada ag breithniú an ábhair. Cinneadh gurbh iad amháin a d'fhéadfadh caiteachas a thabhú "go dleathach" i dtoghchán ná gníomhaire toghcháin iarrthóra, gníomhaire náisiúnta pairtí polaitíochta, duine atá údaraithe ag ceachtar de na gníomhairí sin nó duine atá cláraithe leis an gCoimisiún chun na críche sin. Dá réir sin, i gcás an olltoghcháin Dála, déanann an Coimisiún, ina chuid treoirlínte, míniú a thabhairt ar an staid atá luaite thuas agus ceanglann sé go gcoimeádfaidh an gníomhaire cuí cuntas ar aon mhionchaiteachais den sórt sin nach bhfuil sé beartaithe ina leith iad a bheith san áireamh sa Ráiteas Caiteachas Toghchán reachtúil a thugtar tar éis an toghcháin. Beidh an cuntas le tabhairt in éineacht leis an Ráiteas Caiteachas Toghcháin. Is é tuairim an Choimisiúin go mbeadh sé dodhéanta, mura mbeadh socrú den sórt sin i bhfeidhm, breithiúnas a thabhairt i gcásanna ina ndéantar gearáin faoi mhainneachtain ítimí áirithe caiteachais a chur san áireamh sa Ráiteas Caiteachas Toghcháin. Nuair a chuirtear le chéile iad, is ceart go gclúdóidh an Ráiteas Caiteachas Toghcháin agus an cuntas ar mhionchaiteachais an caiteachas go léir sa toghchán.

Maoiniú do Pháirtithe Polaitíochta

Mar atá luaite roimhe seo, rinne Acht 2001 maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta cáilithe a mhéadú go mór.

I gColún 2 de Thábla G thíos leagtar amach an maoiniú measta atá le fáil ag gach ceann de na páirtithe polaitíochta cáilithe don bhliain 2002 tar éis na socruithe leasaithe maoinithe dá bhforáiltear in Acht 2001 a chur i bhfeidhm. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, leagtar amach i gColún 3 na méideanna iarbhír a íocadh sa bhliain 2000 faoi na forálacha reachtacha bunaidh. Is ceart a lua go léiríonn na figiúirí i gColún 2 an staid tar olltoghchán 1997 don Dáil agus go ndéanfar iad a leasú chun léiriú a thabhairt ar athraithe ar neart na bpáirtithe tar éis an olltoghcháin don 29ú Dáil.

Tábla G: Maoiniú Státchiste do pháirtithe polaitíochta

Páirtithe Cáilithe	Iníoctha sa bhliain 2002 faoi Acht 2001	Íocadh sa bhliain 2000 faoin Acht Toghcháin, 1997
Fianna Fáil	€1,788,553 (£1,408,600)	€600,234 (£472,723)
Fine Gael	€1,307,449 (£1,029,700)	€426,439 (£335,848)
Páirtí an Lucht Oibre	€672,072* (£529,300*)	€158,658** (£124,954)**
An Páirtí Daonlathach	€324,672 (£255,700)	€71,418 (£56,246)
An Comhaontas Glas	€243,536 (£191,800)	€42,107 (£33,162)
Sinn Féin	€234,775 (£184,900)	€38,943 (£30,670)
Iomlán	**€4,571,057 (£3,600,000)**	**€1,337,799 (£1,053,603)**

* Bunaithe ar na vótaí chéad rogha a fuair Páirtí an Lucht Oibre agus an Daonlathas Clé san olltoghchán Dála sa bhliain 1997.
** Ní áirítear an méid a d'íocfaí leis an Daonlathas Clé.

An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte)(Leasú), 2001

I dteannta an mhaoinithe faoi na hAchtanna Toghcháin dá dtagraítear thuas, rinneadh socrú san Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, maidir le liúntas bliantúil a íoc le ceannairí páirtithe parlaiminte i ndáil le caiteachais a éiríonn as gníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí (tugadh Scéim Liúntais na gCeannairí Páirtí air sin). Rinneadh na liúntais do gach ceannaire páirtí a ríomh faoi threoir an líon comhaltaí den pháirtí a toghadh do Dháil Éireann san olltoghchán Dála is déanaí nó i gcorrthoghchán ina dhiaidh sin. Rinneadh foráil leis an Acht um an Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1996, go ndéanfaí íocaíochtaí mar a leanas - £25,000 in aghaidh an chomhalta de Dháil Éireann i gcás gach duine den chéad 5 chomhalta; £20,000 in aghaidh an chomhalta ó 6 go 10 comhalta; £10,000 in aghaidh an chomhalta ó 11 go 60 comhalta agus £5,000 in aghaidh an chomhalta i gcás gach comhalta os cionn 60 chomhalta. Tugadh íocaíocht £10,000 do gach comhalta neamh-pháirtí.

Tá leasú eile déanta leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001, ar an tslí ina bhfuil na liúntais seo le híoc. Déanfar na liúntais a íoc anois freisin i leith comhaltaí a thoghtar nó a ainmnítear do Sheanad Éireann san olltoghchán Seanaid is déanaí nó a ainmnítear don Seanad don Seanad tar éis an olltoghcháin is déanaí roimhe sin.

Is é a bheidh sna liúntais athbhreithnithe i leith comhaltaí den Dáil ná €48,547 in aghaidh an chomhalta i gcás gach duine den chéad 10 comhalta; €38,837 in aghaidh an chomhalta i gcás gach comhalta ó 11 go 30 comhalta agus €19,423 in aghaidh gach comhalta os cionn 30 comhalta. Gheobhaidh comhaltaí neamh-pháirtí liúntas €27,934.

I gcás comhaltaí den Seanad, is é a bheidh sa liúntas ná €31,743 in aghaidh an chomhalta (tofa nó ainmnithe) i gcás an chéad 5 comhalta agus €15,872 in aghaidh gach comhalta os cionn 5 comhalta. Gheobhaidh comhaltaí neamh-pháirtí €15,872.

I gcás inar cuid den Rialtas an páirtí cáilitheach, déanfar na liúntais chónasctha a laghdú an tríú cuid. Ní cheadaítear an liúntas a úsáid i gcomhair caiteachais toghcháin nó vótaíochta, nó chun caiteachais den sórt sin a aisíoc, agus tá siad saor ó cháin.

Taispeántar i dTábla H miondealú ar na híocaíochtaí measta a thabharfar do cheannairí páirtí faoin socrú nua. Taispeánann I an staid mar a bheadh i bhfeidhm dá mba rud é nár achtaíodh reachtaíocht 2001. Léirítear sna figiúirí i dTábla H d'Fhianna Fáil agus don Pháirtí Daonlathach an laghdú tríú cuid mar gheall ar a bpáirteachas sa Rialtas sa 28ú Dáil.

Tábla H: Meastachán ar íocaíochtaí sa bhliain 2001 le ceannairí páirtí faoin Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2001

An Líon Teachtaí	Fianna Fáil	Fianna Gael	Páirtí an Lucht Oibre	An Páirtí Daonlathach	An Chomhaontas Glas	Sinn Féin	An Páirtí Soisialach	Neamh-spleach	Iomlán
	76	54	21*	4	2	1	1	7	166
Íocaíochtaí re. Teachtaí	£1,131,828	£1,361,208	£718,797	£101,957	£76,468	£38,234	£38,234	£154,000	£3,620,726
An Líon Seanadóirí	29	16	4	4	0	0	0	7	60
Íocaíochtaí re. Seanadóirí	£425,000	£262,500	£100,000	£100,000	0	0	0	£87,500	£975,000
Iomlán	**£1,556,828**	**£1,623,708**	**£818,797**	**£201,957**	**£76,468**	**£38,234**	**£38,234**	**£241,500**	**£4,595,726**

*Iarchomhaltaí de chuid an Daonlathais Chlé san áireamh

Tábla I: Meastachán ar íocaíochtaí le ceannairí páirtí sa bhliain 2001 faoin socrú roimhe seo:

An Líon Teachtaí	Fianna Fáil	Fianna Gael	Páirtí an Lucht Oibre	An Páirtí Daonlathach	An Chomhaontas Glas	Sinn Féin	An Páirtí Soisialach	Neamh-spleach	Iomlán
	76	54	21*	4	2	1	1	7	166
Íocaíochtaí re. Teachtaí	£822,145	£1,016,953	£512,317	£101,957	£76,468	£38,234	£38,234	£107,044	£2,713,352
Iomlán	**£822,145**	**£1,016,953**	**£512,317**	**£101,957**	**£76,468**	**£38,234**	**£38,234**	**£107,044**	**£2,713,352**

*Iarchomhaltaí de chuid an Daonlathais Chlé san áireamh

Foráiltear leis an reachtaíocht nua freisin go measfar, i gcás ina gcomhaontaíonn comhaltaí de pháirtí cáilithe an páirtí a dhíscaoileadh agus cónascadh le páirtí cáilithe sonraithe eile, nó go dtéann a chuid comhaltaí go léir isteach i bpáirtí cáilithe sonraithe eile, go mbeidh comhaltaí an tseanpháirtí sa Dáil agus sa Seanad ina gcomhaltaí den pháirtí sonraithe eile d'fhonn an liúntas a íoc. Ardaíodh an t-ábhar seo i dtuarascálacha roimhe seo ón gCoimisiún.

Tugann an reachtaíocht na feidhmeanna nua seo a leanas don Choimisiún maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ón 1 Eanáir 2001.

a) Ní mór do cheannairí páirtí ráiteas caiteachais as an liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara é a ullmhú, laistigh de 120 lá ó dheireadh na bliana airgeadais ar íocadh an liúntas ina leith. Ní mór dó/di ansin an ráiteas a chur á iniúchadh ag Iniúchóir Poiblí agus ní mór an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

b) Ní mór don Choimisiún ansin:

   (i) breithniú a dhéanamh ar an ráiteas agus ar thuarascáil an iniúchóra,

   (ii) comhairle a ghlacadh leis an gceannaire páirtí maidir le haon ní atá ann, más gá sin,

   (iii) tuarascáil a thabhairt don Aire Airgeadais á léiriú ar cuireadh an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra faoina bhráid laistigh den tréimhse shonraithe, ar nochtadh aon chaiteachas neamhúdaraithe, an bhfuil an ráiteas dóthanach nó neamhoiriúnach.

c) Ní mór don Choimisiún a chur faoi deara cóip den tuarascáil chuig an Aire Airgeadais a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

d) Ní mór don Choimisiún cóip de na ráitis agus de thuarascálacha na n-iniúchóirí a choimeád ar feadh trí bliana agus ní mór iad a bheith ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal.

Ní íocfar an liúntas leis an gceannaire páirtí mura mbeidh an ráiteas agus tuarascáil an iniúchóra faighte ag an gCoimisiún tráth nach faide ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais (i.e. faoin 30 Aibreán).

Ní bhaineann na ceanglais thuas le comhaltaí neamhspleácha de cheachtar Teach.

Foráiltear leis an reachtaíocht go bhfolaíonn "caiteachais a éiríonn as gníomhaíochtaí parlaiminte de chuid an pháirtí" na nithe seo a leanas:

(a) riaradh ginearálta gníomhaíochtaí parlaiminte páirtí cháilithe,

(b) comhairle theicniúil nó shainiúil a sholáthar ar comhairle í ar dóigh di a bheith ag teastáil i dtaca le tograí reachtacha nó tionscnaimh ionchasacha parlaiminte,

(c) taighde agus oiliúint,

(d) foirmiú polasaí,

(e) seirbhísí sainchomhairle a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidreamh poiblí a fháil,

(f) samplú vótaíochta nó samplú thuairimí an phobail i dtaca le díospóireachtaí nó tionscnaimh pharlaiminte,

(g) seirbhísí tacaíochta a cheannach do pháirtí parlaiminte ón bpáirtí,

(h) aon tuarastal nó táille a íoc le ceannaire parlaiminte i leith dualgas a éiríonn as a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin ar leith óna ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí mar chomhalta de Dháil Éireann nó mar shealbhóir oifige Aireachta,

(i) aon tuarastal nó táille a íoc le duine eile i leith dualgas a éiríonn as gníomhaíochtaí an duine i bpáirtí polaitíochta,

(j) soláthar a dhéanamh, nó aisíoc a thabhairt, maidir le caiteachas iompair agus caiteachas pearsanta arna thabhú ag ceannaire parlaiminte, ag oifigigh nó ag urlabhraí páirtí parlaiminte de thoradh a bhfeidhme páirtí parlaiminte,

(k) féile.

Ceadaítear don Aire Airgeadais leathnú a dhéanamh, le rialachán, ar an liosta tar éis comhairle a ghlacadh leis na ceannairí páirtí parlaiminte agus tar éis aon tuarascáil ón gCoimisiún a bhreithniú.

Gearán i gcoinne an Teachta Jim Mitchell

Ar an 20 Feabhra 2001, fuair an Coimisiún gearán ón Teachta Seán Fleming, Fianna Fáil, "maidir le húsáid pobalbhreitheanna príobháideacha ag an Teachta Jim Mitchell mar chuid dá fheachtas chun bheith ina cheannaire ar Fhine Gael ar ábhar é nach mór, ar mhaithe le leas an

phobail, imscrúdú a dhéanamh ina leith d'fhonn a fháil amach ar tharla sárú ar an Acht Toghcháin."

D'éiligh an Teachta Fleming ina litir "nach raibh a fhios ag an Teachta Mitchell an tráth a fuair sé tairbhe na pobalbhreithe seo cérbh iad na bronntóirí." D'iarr sé ar an gCoimisiún "an t-ábhar seo a bhreithniú i bhfianaise Alt 23 den Acht Toghcháin, 1997..." agus "cinneadh a dhéanamh a luaithe is feidir i dtaobh ar tharla sárú ar an Acht Toghcháin nuair a fuair an Teachta Mitchell an fhaisnéis a bhí sa phobalbhreith gan fios a bheith aige cérbh iad soláthraithe an tsíntiúis sin".

D'iarr an Teachta Fleming ar an gCoimisiún freisin a shuíomh "arbh ionann úsáid na pobalbhreithe dár tagraíodh agus síntiús don Teachta Mitchell" agus imscrúdú a dhéanamh i dtaobh "fíordheimhnitheacht an éilimh a fuair poiblíocht an-mhór á rá gur íoc 20 duine aonair £450 an duine i gcomhair chostas na pobalbhreithe sin."

Bhí comhfhreagras ann idir an Coimisiún agus an Teachta Mitchell chun iarracht a dhéanamh fíorais an cháis a shuíomh.

Chinn an Coimisiún mar a leanas:

- gur choimisiúnaigh beirt duine de lucht leanúna an Teachta Mitchell an phobalbhreith (agus tugadh a n-ainmneacha agus a seoltaí don Choimisiún). Ghlac sé leis freisin, ar bhonn na fianaise a bhí ar fail, nár thug aon duine de na daoine a bhí i gceist níos mó ná £500 i gcomhair chostas na pobalbhreithe,

- de ghnáth, gurb ionann coimisiúnú pobalbhreithe chun críoch polaitíochta agus soláthar seirbhísí agus go dtagann sé faoi réim an mhínithe ar shíntiús atá in alt 22 den Acht. Ní gá síntiús ar mó a luach ná £500 agus a fuair comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas i rith na bliana féilire 2001 a nochtadh go dtí go dtugtar Ráiteas Síntiús don Choimisiún don bhliain sin, is é sin le rá, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir 2002. Mar a tharlaíonn i gcás aon seirbhíse ar mó a luach ná £500 agus a sholáthraítear chun críoch polaitíochta do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, bheadh ar an gcomhalta ainmneacha agus seoltaí na n-urraitheoirí, mar aon le costas iomlán na seirbhíse agus faisnéis faoi aon duine eile a thug níos mó ná £500 i gcomhair an chostais, a nochtadh sa Ráiteas Síntiús bliantúil,

- cé nach raibh a fhios ag an Teachta Mitchell ar dtús cérbh iad na bronntóirí i gcomhair chostas na pobalbhreithe, go raibh a fhios aige cérbh iad na tionscnóirí agus go mbeadh sé in ann, tríothu sin, a fháil amach cérbh iad i ngach cás agus go ndearna sé amhlaidh ina dhiaidh sin. Ar a mhéad, bhí tréimhse trí lá ann, ón 2 go dtí an 5 Feabhra 2001, nuair nach raibh ainmneacha na mbronntóirí ar leithligh ar eolas aige.

- Bhí an Coimisiún sásta, dá bhrí sin, nár shíntiús anaithnid a bhí ann de réir na tuairisce in alt 23 den Acht Toghcháin.

Chinn an Coimisiún nár tharla aon sárú ar an Acht Toghcháin ar thaobh an Teachta Mitchell agus nach raibh aon chion déanta aige.

Ullmhúchán don Olltoghchán Dála

Ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2000 thug an Coimisiún achoimre ar na hullmhúcháin a bhí á ndéanamh don olltoghchán don 29ú Dáil. Is eol don Choimisiún an tábhacht a bhaineann leis na feidhmeanna comhairle agus treoirlínte atá aige faoin reachtaíocht toghcháin. Bhí sé ar intinn ag an gCoimisiún go mbeadh gach rannpháirtí sa toghchán ar a bhfuil freagrachtaí reachtúla go hiomlán ar an eolas faoina oibleagáidí nó faoina hoibleagáidí, go háirithe maidir le síntiúis a ghlacadh agus a nochtadh agus maidir leis na teorainneacha ar chaiteachas toghcháin. I dtaca leis sin de, shocraigh an Coimisiún, i gcomhar leis na páirtithe polaitíochta, go mbeadh clár cuairteanna réigiúnacha ann, a bhí ar siúl ag deireadh na bliana, chun eolas a thabhairt d'iarrthóirí, do ghníomhairí toghcháin agus do chomhaltaí gníomhacha eile de chuid páirtithe a bheadh páirteach sa toghchán. Eagraíodh roinnt cruinnithe i mBaile Átha Cliath freisin. Rinneadh teagmháil le hiarrthóirí ionchasacha neamhspleácha i gcásanna ina raibh a fhios ag an gCoimisiún, trí thuairisciú sna meáin nó ar shlí eile, go raibh sé ar intinn acu seasamh sa toghchán.

Is ceart a lua nach mbíonn a fhios ag an gCoimisiún go hoifigiúil cad é líon iomlán na n-iarrthóirí a bhíonn ag seasamh i dtoghchán go dtí go gcuireann an ceann comhairimh i ngach dáilcheantar a n-ainmneacha agus a seoltaí in iúl dó rud a tharlaíonn tar éis an dáta is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh sa toghchán. Ní fadhb í sin i gcás iarrthóirí páirtí mar go mbeadh na páirtithe tar éis liostaí dá n-iarrthóirí agus dá ngníomhairí toghcháin a sholáthar don Choimisiún. Bíonn deacracht ag an

gCoimisiún, áfach, i gcás eolas a thabhairt d'iarrthóirí neamhspleácha nach mbíonn eolas ann roimh ré go bhfuil ar intinn acu seasamh. Ní bhíonn an fhaisnéis a sholáthraíonn na cinn chomhairimh ar fáil go dtí go mbíonn an feachtas faoi lánsiúl. Tá sé sin an-mhall ó thaobh teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí den chéad uair agus treoirlínte faoi theorainneacha caiteachais agus faoi shíntiúis a chur chucu. Ó tharla go mbaineann na teorainneacha caiteachais le haon chaiteachais a thabhaítear, aon tráth, ar mhaoin, earraí nó seirbhísí le linn na tréimhse toghcháin (i.e. ó dháta lánscor na Dála suas go dtí an lá vótaíochta) tá an fhéidearthacht ann go bhféadfadh sé tarlú, sula ndéanfadh an Coimisiún teagmháil leo, go mbeadh suimeanna móra caite ag iarthóirí neamhspleach ar a bhfeachtais agus go mbeidís tar éis a dteorainneacha caiteachais a shárú, b'fhéidir, gan aon eolas a bheith acu faoi na teorainneacha. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go mbeadh síntiúis atá toirmiscthe glactha acu agus nár thug siad ar ais iad do na síntiúsóirí nó nár thug siad na síntiúis sin nó luach na síntiús sin don Choimisiún laistigh den spriocam reachtúil de réir mar is gá. Níl an Coimisiún in ann réiteach a mholadh don fhadhb seo. D'fhéadfadh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, a bhfuil freagracht reachtach uirthi maidir le nithe a bhaineann le toghcháin, an t-ábhar seo a scrúdú, áfach. Glacann an Coimisiún leis gur faoi na hiarrthóirí agus faoi na gníomhairí toghcháin atá sé, i ndeireadh na dála, a bheith eolach ar an dlí agus cibé bearta a dhéanamh is gá chun an dlí a chomhlíonadh. Táthar ag súil, le himeacht aimsire agus nuair a bheidh níos mó eolais ag daoine go bhfuil an reachtaíocht nua ann agus fios acu cad atá sa reachtaíocht, go mbeidh iarrthóirí neamhspleácha níos gníomhaí i dtaca leis an bhfaisnéis iomchuí a lorg.

Cuid 5

Costais sa bhliain 2001

Costais sa bhliain 2001

Rinneadh an caiteachas a thugtar thíos a thabhú sa bhliain 2001. Déantar foráil maidir leis an gcaiteachas i bhFo-Mhírcheann B de Vóta 17 [Ombudsman]. Baineann an figiúr do chaiteachais theagmhasacha go príomha le costas fógraí poiblí i nuachtáin náisiúnta agus i nuachtáin áitiúla chun a fhógairt go bhfuil ábhar atá tugtha don Choimisiún faoi na hAchtanna Toghcháin ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal agus chun fógraíocht a dhéanamh i leith na n-oibleagáidí reachtúla atá ar chuideachtaí, ar cheardchumainn, ar chumainn etc., maidir le sonraí faoi shíntiúis atá tugtha acu a nochtadh. Léiríonn costas na dtáillí dlí gur sheol an Coimisiún imscrúdú foirmiúil faoin Acht Eitice sa bhliain 2001 agus, chomh maith le seirbhísí breise a chuir a aturnae ar fáil, gur fhostaigh sé Abhcóide Sinsearach agus Abhcóide Sóisearach chun na críche sin.

	£'000	€'000
Tuarastail na Foirne	218	277
Taisteal & Caiteachais		
Caiteachais Theagmhasacha	47	60
Postas & Teileachumarsáid	7	9
Innealra Oifige & Soláthairtí eile Oifige	27	34
Áitreabh Oifige	8	10
Táillí Sainchomhairle & Dlí	68	86
Iomlán	**377**	**479**